Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

*Treoracha d'iarrthóirí*

**Roinn A** 60 marc
Freagair **deich** gceist ar bith sa roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn B** 180 marc
Freagair **Ceist 1** agus **dhá** cheist ar bith eile sa roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1.
Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**Roinn C** 40 nó 80 marc
Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach nó Ceist 4 (croí-ábhar) ar a n-áirítear **cuid (a)** agus **cuid (b) nó cuid (c)**.

Má chuir tú isteach obair chúrsa i d*Teicstílí, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, ní cheadaítear duit ach Ceist 2 sa roinn seo a fhreagairt.

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

**Tábla na nGrád**

| Grád | Ábhar Roghnach 1, 3 agus C4 | Ábhar Roghnach 2 |
|---|---|---|
| 1 | 288-320 | 252-280 |
| 2 | 256-287 | 224-251 |
| 3 | 224-255 | 196-223 |
| 4 | 192-223 | 168-195 |
| 5 | 160-191 | 140-167 |
| 6 | 128-159 | 112-139 |
| 7 | 96-127 | 84-111 |
| 8 | ‹ 95 | ‹ 83 |

## Nóta mínithe-Eacnamaíocht Baile 2025

Ba cheart marcanna mínithe a chur gar don fhreagra ceart/ceart go páirteach. D’fhéadfadh athrú a bheith ann maidir le dathanna na nótaí mínithe.

| Nóta Mínithe | Míniú |
|---|---|
| 0 | Gan aon mharc bronnta |
| ✓ 1 | Marc **amháin** bronnta |
| ✓ 2 | **Dhá** mharc bronnta |
| ✓ 3 | **Trí** mharc bronnta |
| ✓ 4 | **Ceithre** mharc bronnta |
| ✓ 5 | **Cúig** mharc bronnta |
| ✓ 6 | **Sé** mharc bronnta |
| ✓ 7 | **Seacht** marc bronnta |
| ✓ 8 | **Ocht** marc bronnta |
|  | Leathanach bán |
| F | Pointe farasbairr lánmharcanna bronnta |
| P | Pointe farasbairr marcanna páirteacha bronnta |
| < | pointe/obair nár tugadh faoi |
| A | Bain marc |
| P1 | Bain 1 mharc amháin |

| | |
|---|---|
| **P2** | Bain 2 mharc. |
| **P3** | Bain 3 mharc. |
| **P4** | Bain 4 mharc. |
| **P5** | Bain 5 mharc. |
| **P6** | Bain 6 mharc. |
| **P7** | Bain 7 marc. |
| **P8** | Bain 8 marc. |
| **P9** | Bain 9 marc. |
| **P10** | Bain 10 marc. |
| SMM | Scéim mharcála mhionathraithe |

I Roinn C, iarrtar ar iarrthóirí ceist amháin a fhreagairt sa roinn seo Baineann Ceist C2 leis an ábhar roghnach Teicstílí, Faisean agus Dearadh. Nuair a fhreagraíonn iarrthóir C2 agus ceist eile as C1, C3, nó C4, cuireann an scrúdaitheoir marc lascaine a i bhfeidhm ionas nach gcuirtear san áireamh i dtaca le hiomlán an pháipéir ach an marc is mó. Úsáidtear an nóta mínithe A chun a thabhairt le fios go bhfuil marc lascaine á chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun marc lascaine -23 a chur i bhfeidhm chuirfeadh scrúdaitheoir an A, P10, P10, P3, chun -10 -10, -3 = iomlán -23 a chur i bhfeidhm.

| Roinn A | 60 marc |
|---|---|

Freagair **deich** gceist ar bith sa roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil.

**1.** Déan cur síos ar **dhá** fheidhm bhitheolaíocha atá ag carbaihiodráití.

**cur síos ar 2 fheidhm @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*téitear an corp go 37°C; soláthraítear fuinneamh do gach gníomhaíocht; feidhm spárála próitéine; ionsúnn snáithín uisce; cuidíonn snáithín le himfháscadh a spreagadh; cuireann snáithín cosc ar neamhoird putóige; déantar carbaihiodráit bhreise a thiontú go glicigin le haghaidh fuinneamh meántéarmach; tiontaítear go saill í mar chúltaca fadtéarmach fuinnimh; tiontaítear go saill í agus inslítear an corp; srl.*

**2.** Comhlánaigh an tábla thíos maidir le díleá próitéine.

**3 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

| Orgán | Einsím | Substráit | Táirge/Toradh |
|---|---|---|---|
| Paincréas | *Tripsin, próitéanáis,srl.* | *Peaptóin* | *Peiptídí* |

**3.** Luaigh **dhá** fheidhm bhitheolaíocha atá ag sóidiam.

**2 fheidhm @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

*brú fola; gnáthchrapadh matán; feidhmiú an chroí; gníomhaíocht néaróg sláintiúil; cothromaíocht sreabhán sa chorp; feidhmiú einsímí; ionsú glúcóis; soithigh fola; díhiodráitiú a chosc; cothromaíocht leictrilítí; tacú leis an córas imdhíonachta troid in aghaidh baictéar; feidhm cognaíoch; srl.*

Ainmnigh **dhá** fhoinse sóidiam sa réim bhia.

**2 @ 1 mharc (grádaithe 1:0)**

*salann mín; feoil leigheasta; feolta próiseáilte; bianna sneaice; arán bán; cáis; bia mara; srl.*

**4.** D'fhéadfadh gach ceann de na galair uireasa seo a leanas eascairt as easpa vitimín sa réim bhia.

Ainmnigh vitimín easpach **amháin** i ngach cás.

**3 vitimín i gceart @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

| Easnamh | Vitimín |
|---|---|
| Daille oíche | *A; reitineol; béite-charaitéin;* |
| Raicíteas | *D; colacailciféaról; eargócailciféaról; $B_{12}$ (cóbalaimín); C; K; (naftacuineon); srl.* |
| Beriberi | *$B_1$ (tiaimín); srl.* |

**5.** Pléigh **trí** threoirlíne shonracha maidir le pleanáil béilí ar chóir do dhuine ar a bhfuil galar céiliach iad a leanúint.

**3 threoirlíne pléite @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

*fág gach bia ina bhfuil glútan ar lár, m.sh. cruithneacht, srl.;*
*roghnaigh príomhbhianna gránach atá saor ó ghlútan go nádúrtha, arbhar, rís;*
*cuir leaganacha saor ó ghlútan de tháirgí san áireamh;*
*bí ag faire amach don tsiombail saor ó ghlútan ar lipéid agus tú ag siopadóireacht;*
*seiceáil an bhfuil foinsí glútan i bhfolach/scrúdaigh liostaí comhábhar ar lipéid bhia;*
*ithe aiste bia a bhfuil neart snáithín ann; srl.*

**6.** Is féidir fuardheatú nó teodheatú a dhéanamh ar iasc. Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a ndéantar an dá mhodh deataithe éisc sin.

**2 mhodh leagtha amach @ 3 mharc (grádaithe 3:2:1:0)**

*Déantar **iasc fuardheataithe** a fhilléadú/a bhearradh/a ghearradh ina chodanna;*
*báitear an t-iasc i sáile/déantar é a shalannú;*
*a shruthlú;*
*a thriomú;*
*nochtar an t-iasc do **dheatach** /ó sliseoga adhmaid/móin/mine sáibh atá ag dó:*
*cruthaíonn créasóid agus formaildéad bratú;*
*teocht de **27°C** (25°C - 30°C);*
*tá an teocht an deataithe chomh híseal sin go gcaithfear an t-iasc a chócaráil sula n-ithfear é; srl.*

*Déantar **iasc teodheataithe** a fhilléadú/a bhearradh/a ghearradh ina chodanna;*
*báitear an t-iasc i sáile/déantar é a shalannú;*
*a shruthlú;*
*a thriomú;*
*nochtar an t-iasc do **dheatach** /ó shliseoga adhmaid/móna/mine sáibh atá ag dó:*
*cruthaíonn créasóid agus formaildéad bratú;*
*méadaíonn an teocht de réir a chéile go **80°C** (78°C - 83°C);*
*bíonn an teocht deachtaithe níos airde agus mar sin déantar an t-iasc a chócaráil tríd an bpróiseas; srl.*

**7.** Mínigh na téarmaí seo a leanas maidir le próiseáil bia.

**2 phointe ábhartha @ 3 mharc (grádaithe 3:2:1:0)**

***Bianna breisluacha***
*táirgí bia a bhfuil luach eacnamaíoch níos airde acu mar tháirge deiridh/atá níos inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de don táirgeoir/monaróir;*
*cruthaithe trí chomhábha(i)r a chur leis;*
*cruthaithe trí phróisis a chur i bhfeidhm le linn na déantúsaíochta;*
*m.sh. bianna cócaráilte-fuaraithe; cáis/iógart; cáis ghrátáilte; sceallóga; srl.*
***Bianna feidhmiúla***
*Bia a bhfuil tairbhe sláinte aige thar a luach cothaitheach;*
*mar gheall ar chomhábhar (curtha leis); m.sh. stearóil/stanóil phlandaí; aigéad fólach; forlíonadh aigéad sailleach óimige 3;próibhithigh; srl.*
*glac le samplaí de bhianna/tháirgí feidhmiúla, iógart beo; leatháin a íslíonn colaistéaról; srl.*

**8.** Ainmnigh modh traschurtha teasa **amháin** agus déan cur síos air. Tabhair sampla de mhodh cócaireachta a léiríonn an modh traschurtha teasa sin.

| ***Ainm an mhodha @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)*** | **Cur síos ar an modh traschurtha teasa 1 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:1:0)** | ***Sampla 1 @ 1 mharc (grádaithe 1:0)*** |
|---|---|---|
| *Seoladh* | *traschur teasa trí sholad;<br>ó mhóilín go móilín;<br>go dtí go mbeidh siad ar fad téite;<br>téann fáinne te cócaireáin sáspan; srl.* | *fiuchadh; scalladh; stobhadh; galú; gríoscadh; róstadh; bácáil; friochadh; cócaireacht mhicreathonnáin; srl.* |
| *Comhiompar* | *traschur teasa trí shruthanna comhiompair a cruthú;<br>in aer nó i leacht;<br>leathnaíonn agus ardaíonn aer nó leacht te;<br>titeann aer nó leacht fuar agus glacann sé a áit;<br>tarlaíonn in oigheann/uisce fiuchta; srl.* | *fiuchadh; scalladh; stobhadh; galú; róstadh; bácáil; aerfhriochadh; domhainfhriochadh; srl.* |
| *Radaíocht* | *tarchur teasa go díreach i ngathanna (tarchurtha) ón bhfoinse teasa;<br>chuig an earra (bia) os a chomhair;<br>gríoscán/ghathanna na gréine; srl.* | *gríoscadh; fulacht; srl.* |

*Glac le léaráid atá lipéadaithe*

**9.** Maidir le breiseáin bhia, ainmnigh **dhá** chuibhitheoir fhisiceacha agus tabhair an fheidhm atá ag gach cuibhitheoir fisiceach atá ainmnithe agat.

**Ainmnigh @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0) x 2**
**Feidhm @ 1 mharc (grádaithe 1:0) x 2**

*cuireann **taisleáin** cosc ar bhia taise a chailleadh; cuireann siad cosc ar bhia triomú amach/a éirí crua; srl.*
*cuireann **gníomhaithe frith-stolptha (polafosfáití)** cosc ar chnapáil i mbia triomaithe; srl.*
*cruthaíonn **eiblitheoirí** eibleachtaí; srl.*
*feidhmíonn **oibreáin téachta** mar oibreán téachta; srl.*
*cuireann **cobhsaitheoirí** cosc ar scaradh eibleachtaí;*
*cuireann **oibreáin frith-spreachallaithe** cosc ar spreachallú saillte agus ola cócaireachta; srl.*
*cuireann o**ibreáin frith churtha** cosc ar cruthú screamha ar an dromchla agus é ag fiuchadh; srl.*
*cuireann **toirteoirí** toirt le bianna; srl.*
*coinníonn **oibreáin teannta** torthaí agus glasraí crua le linn próiseála; srl*
*cuireann gás támh **gáis pacáistithe** cosc ar mhilleadh agus ocsaídiú bia; srl.*

**10.** Ainmnigh cineál árachais saoil **amháin** agus déan cur síos air.

**1 chineál amháin @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**
**1 phointe cur síos @3 mharc (grádaithe (3:2:0)**

***Árachas saoil téarma****, íocann an duine árachaithe préimh ar feadh tréimhse shocraithe ama;*
*clúdaíonn sé sealbhóir polasaí ar feadh tréimhse ama ar leith;*
*íoctar cnapshuim le cleithiúnaithe má fhaigheann an sealbhóir polasaí bás le linn na tréimhse socraithe ama;*
*má mhaireann an sealbhóir polasaí thar ré an pholasaí, ní dhéantar aon íocaíocht;*
*an cineál árachais saoil is saoire go ginearálta; srl.*
***Árachas saoil iomláin****, íocann an duine árachaithe préimh;*
*maireann an polasaí ar feadh shaolré an tsealbhóra polasaí a luaithe a íoctar na préimheanna;*
*íoctar cnapshuim le cleithiúnaithe nuair a fhaigheann an sealbhóir polasaí bás nó nuair a scoireann sé/sí ag brath ar théarmaí an pholasaí;*
*níos costasaí ná árachas saoil téarma; srl.*
***Árachas saoil dearlaice*** *íoctar préimh ar feadh tréimhse shocraithe ama;*
*íoctar cnapshuim amach ag deireadh na tréimhse sin;*
*tá an rogha ag an duine árachaithe an polasaí a tharraingt tráth ar bith;*
*nuair a fhaigheann an duine árachaithe bás laistigh den tréimhse ama íoctar cnapshuim le cleithiúnaithe; srl.*
***Polasaí cosanta morgáiste****, íoctar préimh ar feadh tréimhse shocraithe ama;*
*tá an cineál sin árachais saoil éigeantach le morgáiste blianachta;*
*soláthraíonn sé cosaint don sealbhóir polasaí ar feadh ré an mhorgáiste; srl.*
*Le* ***hárachas téarma inmhalartaithe****, is féidir le sealbhóir polasaí athrú ó árachas téarma go polasaí saoil iomláin nó go polasaí dearlaice;*
*cuirtear préimheanna a íocadh roimhe seo le haghaidh árachas téarma san áireamh; srl.*

**11.** Maidir le buiséad teaghlaigh, déan idirdhealú idir caiteachas riachtanach agus caiteachas lánroghnach. Tabhair sampla **amháin** de gach cineál caiteachais.

**2 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:0)**
**2 shampla @ 1 mharc (grádaithe 1:0)**

*Airgead do* ***chaiteachais riachtanach*** *a chaithfear a chaitheamh chun saol an teaghlaigh a láimhseáil .i. caiteachas ar riachtanais; srl.*
***sampla*** *tithíocht/cíos/morgáiste; srl.*
*billí fóntais/teileafón/móibíleach/leathanbhanda;*
*bia;*
*éadaí;*
*leigheas;*
*speansais oideachas/scoile;*
*iompar/íocaíochtaí cairr/breosla/cáin bhóthair,*
*árachas;*
*coigilteas; srl.*
***Caiteachas lánroghnach****, caiteachas ar earraí neamhriachtanacha; ba chóir go dtarlódh sé sin nuair a bheidh gach caiteachas déanta agus nuair a bheidh airgead sábháilte; srl.*
***sampla*** *laethanta saoire*
*gníomhaíochtaí caitheamh aimsire;*
*siamsaíocht/síntiúis/Netflix; cóiriú pearsanta srl.*

**12.** Déan cur síos ar **gach** ceann de na cineálacha taighde tomhaltais a leanas.

**cur síos ar 2 phointe @ 3 mharc an ceann (grádaithe 3:2:1:0)**

*Is éard atá i gceist le **taighde deisce** ná bailiú sonraí ó fhoinsí poiblí/ginearálta, ó ghníomhaireachtaí stáit, ó POS; srl.*
*m.sh. cuardaigh ar line, srl.*

*Bailítear faisnéis **taighde allamuigh** trí úsáid a bhaint as teicnící dírithe amhail breathnóireacht, agallaimh, suirbhéanna, srl.*
*m.sh. vox pop; painéal tomhaltóirí; grúpaí fócais; srl.*

**13.** Déan cur síos ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag **dhá** theicníc éagsúla mharsantaithe in ollmhargaí ar iompraíocht cheannaigh na dtomhaltóirí.

**Cur síos ar 2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:1:0)**

*leagan amach siopa; ceol cúlra;*
*spreagthaí sa siopa; samplaí bia;*
*cur na dtáirgí; suíomh earraí ar na seilfeanna;*
*praghsáil; scéimeanna dílseachta; srl.*

**14.** Pléigh an chaoi a gcosnaítear tomhaltóir leis an Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995.

**2 phointe pléite @ 3 mharc an ceann (grádaithe 3:2:0)**

*rialaítear gach cineál creidmheasa;*
*srianta ar an dóigh is féidir le hiasachtóirí íocaíocht a lorg/teagmháil a dhéanamh le hiasachtaithe/mainnitheoirí;*


| | |
|---|---|
| *fógraíocht creidmheasa* | *déantar monatóireacht maidir le comhlíonadh;*<br>*caithfear RCB a thaispeáint;* |
| *comhaontuithe creidmheasa* | *caithfidh sé a bheith i scríbhinn;*<br>*caithfidh eolas a bheith ann faoi phraghas airgid thirim agus praghas iníoctha faoi chomhaontú chreidmheasa*<br>*caithfidh ainmneacha, seoltaí agus sínithe na bpáirtithe uile lena mbaineann a bheith ann;*<br>*caithfidh sé uimhir na dtráthchodanna a shonrú; tréimhse shuaimhnithe; srl.* |

## Roinn B — 180 marc

Freagair **Ceist 1** agus **dhá** cheist ar bith eile as an roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.
Scríobh do fhreagra sa fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn A**.

**Ceist 1**

In 2024, aithníodh i suirbhé na príomhfhoinsí bia d'fhuinneamh i réim bhia daoine fásta in Éirinn.




*(arna chur in oiriúint ón Suirbhé Náisiúnta ar Chothú Daoine Fásta II, Tuarascáil Achomair, 2024)*

**(a)** Agus úsáid á baint as an eolas sa chairt thuas agus aird agat ar na treoirlínte reatha don itheachán sláintiúil, déan trácht agus tabhair mionchuntas ar **cheithre** fhoinse fuinnimh i réim bhia daoine fásta in Éirinn.

(20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:4:3:2:1:0)**

*Soláthraíonn **arán, prátaí, pasta, rís & gránaigh 23%** inspeirme stáirse; tá roghanna GI Íseal agus GI Ard ar fáil; soláthraíonn cineálacha gráin iomláin agus craicne prátaí snáithín; tá próitéin LBV ann; tá iarann neamh-haem ann; tá Vitimín B ann; príomh-chomhábhar bia le haghaidh bricfeasta, lónta pacáilte, dinnéir; ní theastaíonn mórán ullmhúcháin; tá réimse leathan roghanna ar fáil; tá roghanna réamhchócaráilte ar fáil ar mhaithe le héascaíocht; tá go leor úsáidí cócaireachta ann; foinse fuinnimh saor; soláthraíonn sé fuinneamh chun teas a ghiniúint; srl.*

***Siúcra, deochanna, brioscaí & cístí 21%** Soláthraíonn bianna agus deochanna ina bhfuil mórán siúcra cileacalraí folmha; tugann bianna/deochanna ard-GI borradh tapa fuinnimh; tá níos mó calraí i seacláid bhán ná mar atá i seacláid dhorcha; tá cion ard salainn iontu; is féidir iad a ithe go tapa/éasca agus tú gníomhach; itear iad agus tú ag ligean do scíthe; tá réimse leathan ar fáil; tá siad measartha saor; teastaíonn fuinneamh ó ghníomhaíocht cheallach; srl.*

***Eile 16%** uibheacha, iasc; tá próitéin HBV iontu; im, cáis, uachtar; tá mórán saill sháithithe iontu; maonáis, cnónna, síolta, humas, olaí; tá saillte neamhsháithithe iontu; blastáin, cálslá/sailéid; níos mó calraí iontu; srl.*

***Feoil agus táirgí feola 14%*** *soláthraíonn siad próitéin HBV; soláthraíonn siad saill sháithithe i saill infheicthe agus dhofheicthe; tá saill sháithithe i gcraiceann éineola; tá iarann haem iontu; tá Vitimín B iontu; is féidir leis an modh cócarála a roghnaítear an cion calraí a mhéadú nó a laghdú; is comhábhar bia iad a úsáidtear go forleathan le haghaidh bricfeasta cócaráilte, lónta pacáilte, dinnéar; áirítear iad i réimse leathan béilí; tá réimse leathan roghanna ar fáil; cur chun cinn earnáil feola na hÉireann; soláthraíonn siad fuinneamh le haghaidh gníomhaíochtaí coirp; srl.*

***Torthaí & glasraí 9%*** *is féidir cuid mhaith díobh a ithe amh; is féidir iad a úsáid le haghaidh miasa tionlacain agus príomhmhiasa; tá saill neamhsháithithe in ológa agus in abhacáid; tá cion ard siúcra i dtorthaí go nádúrtha; tá glasraí ina bhfoinse mhaith stáirse; foinse mhaith snáithín go háirithe má itear na craicne; foinse mhaith Vitimín A; Vitimín C; Vitimín B; srl.*

***Bainne agus iógart 7%*** *foinse den scoth de chailciam agus Vitimín D; soláthraíonn siad próitéin HBV; úsáideach chun deisiú matáin a spreagadh tar éis aclaíochta; éagsúlacht leathan ar fáil; go leor úsáidí cócaireachta; tionscal déiríochta na hÉireann a chur chun cinn; éadulaingt lachtóis; gan mórán ullmhúcháin ag teastáil; foinse próibhitheach; oiriúnach do lónta pacáilte agus sneaiceanna; braitheann cion calraí ar an gcineál a roghnaítear; fuinneamh ag teastáil le haghaidh feidhmiú orgán inmheánach; srl.*

***Gránaigh bhricfeasta 5%*** *soláthraíonn inspeirm stáirse; soláthraíonn cineálacha éagsúla lánghráin snáithín; is féidir an cion calraí iontu a mhéadú má chuirtear siúcra, mil nó seacláid leo; tá próitéin LBV ann; neartaítear le haigéad folach iad go minic; tá iarann neamh-haeim iontu; foinse shaor fuinnimh; úsáidtear go forleathan iad le haghaidh roghanna bricfeasta nó sneaiceanna; tá réimse leathan roghanna ar fáil; is féidir iad a úsáid chun barráin/cumhdach a dhéanamh do mhiasa eile a chruthú; tacaíonn fuinneamh le fás ceallach; srl.*

***Anraithí agus anlainn 3%*** *soláthraíonn oibreán ramhraithe fuinneamh; soláthraíonn anlainn a dhéantar le bainne foinse cailciam agus Vitimín D; soláthraíonn siad próitéin HBV; soláthraíonn glasraí a úsáidtear in anraithí vitimíní; d'fhéadfadh sé go mbeadh cion sóidiam níos airde i dtáirgí saoráideacha; is féidir le MSG a bheith iontu; d'fhéadfadh sé nach mbeadh snáithín iontu; srl.*

**(b)** Déan cur síos ar an struchtúr agus tabhair sampla **amháin** de gach ceann díobh seo a leanas: (18 marc)

- aigéid shailleacha sháithithe
- aigéid shailleacha mhonai-neamhsháithithe
- aigéid shailleacha pholai-neamhsháithithe

**4 phointe ar struchtúr @ 1 marc (grádaithe 1:0) x 3**
**1 sampla @ 2 mharc (grádaithe 2.0) x3**

***Aigéid shailleacha sháithithe*** *slabhra carbóin agus hidrigin ceangailte leis; tá gach adamh carbóin sáithithe go hiomlán le hidrigin;* ***gan aon nasc dúbailte****/naisc aonair idir na hadaimh charbóin; grúpa carbocsaile ag ceann amháin;*
*grúpa meitile ag an gceann eile;*
*soladach ag teocht an tseomra; srl.*
***Sampla*** *aigéad bútarach; aigéad stéarach; srl.*
***Aigéid shailleacha mhonai-neamhsháithithe*** *slabhra carbóin agus hidrigin ceangailte leis; níl cuid den na hadamh charbóin sáithithe go hiomlán le hidrigin;* ***tá nasc dúbailte amháin*** *idir na hadaimh charbóin; grúpa carbocsaile ag ceann amháin; grúpa meitile ag an gceann eile;*
*Leachtach ag teocht an tseomra; srl.*
***Sampla*** *aigéad oiléach, srl.*

***Aigéid shailleacha il-neamhsháithithe*** *slabhra carbóin agus hidrigin ceangailte leis; níl cuid den na hadamh charbóin sáithithe go hiomlán le hidrigin;* ***tá níos mó ná nasc dúbailte amháin*** *idir na hadaimh charbóin; grúpa carbocsaile ag ceann amháin; grúpa meitile ag an gceann eile; Leachtach ag teocht an tseomra; srl.*
***Sampla*** *aigéad líonoiléach, aigéad líonóiléineach, aigéad aracadónach; srl.*
***Glac le léaráidí soiléire***

**(c)** Pléigh an tábhacht a bhaineann le haigéid shailleacha sa réim bhia. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:3:2:1:0)**

***Aigéid shailleacha riachtanacha*** *líonoiléach, líonóiléineach agus aracadónach – ní féidir leis an gcorp iad a dhéanamh mar sin caithfear iad a fháil ó bhia; déanann comhpháirt de chillscannán; hormóin a rialaíonn an córas imdhíonachta agus an lárchóras néarógach; feidhmeanna cognaíocha fhorbairt/fheidhmiú na hinchinne; cuidíonn siad le LDL a laghdú agus HDL a mhéadú; srl.*

***Aigéid shailleacha óimige 3*** *d'fhéadfadh siad an baol go dtarlódh taom croí, stróc, galair imshruthaithe, foirmiú téachtán fola a laghdú; d'fhéadfadh siad baol ailsí áirithe a laghdú; tá siad nasctha le gníomhaíocht shláintiúil inchinne; cosc ar eachma; d'fhéadfadh ról a bheith acu in athlasadh a laghdú; srl.*

***aigéid shailleacha mhonai-neamhsháithithe; aigéid shailleacha il-neamhsháithithe;*** *cuidíonn siad le LDL a laghdú agus HDL a mhéadú; srl.*

***aigéid cis-sailleacha*** *cuidíonn siad le LDL a laghdú agus HDL a mhéadú; srl.*

***Aigéid shailleacha sháithithe*** *méadaíonn siad* ***l****eibhéil LDL agus íslíonn siad HDL; a mhéadaíonn an baol CHD; srl.*

***Aigéid thras-sailleacha*** *Creidtear go méadaíonn siad minicíocht CHD; méadaíonn siad leibhéil LDL, rud a taisceann colaistéaról ar bhalla na n-artairí; laghdaíonn siad HDL a bhainean*n colaistéaról as an imshruthú;
*le linn cócarála agus próiseála is féidir aigéid cis-sailleacha a thiontú go haigéid thras-sailleacha; srl.*

**(d)** Tabhair cuntas mionsonraithe ar fhoirmiú eibleachtaí. (10 marc)

**5 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

***cruthaítear eibleachtaí*** *nuair* ***a mheasctar ola agus uisce/leachtanna domheasctha*** - ***fórsáiltear iad***
*úsáideann/éilíonn eiblitheoir buan eibleacht m.sh. leicitin /GMS*
***tá cuid hidrifileach ag eiblitheoir a cheanglaíonn le huisce/fínéagar;***
***tá cuid hidreafóbach ag eiblitheoir a cheanglaíonn le hola;***
*déantar eibleachtaí sealadacha trí iad a chroitheadh go láidir;*
*scarfaidh eibleachtaí sealadacha nuair a fhágtar ina seasamh iad;*
*eibleacht bhuan m.sh. maonáis; uachtar reoite; srl.*
*eibleacht shealadach m.sh. anlann Francach; srl.*

**(e)** Déan anailís ar na tosca a théann i bhfeidhm ar roghanna bia agus nósanna itheacháin daoine fásta in Éirinn. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**

*feasacht ar chothaithigh; stádas sláinte; stíl mhaireachtála; costas/buiséad; aeráid: bianna séasúracha; meáin shóisialta/tionchairí; fógraíocht; margaíocht; treochtaí reatha; suíomh; taisteal; reiligiún; suíomh; sochaí ilchultúrtha; creidimh; dramhbhia; tionchar comhshaoil an táirgthe/orgánach; cad a thaitníonn/ nach dtaitníonn le daoine, aimsir, áisiúlacht; sceideal oibre; ailléirgí; aois; am; pacáistiú; srl.*

**Ceist 2**

'Meastar go bhfuil an oistéapóróis ar suas le 300,000 duine in Éirinn.' (*www.irishosteoporosis.ie*)

**(a)** Déan cur síos ar an oistéapóróis agus pléigh an chúis a mbeadh an baol ann go dtiocfadh an riocht sin ar dhuine. (18 marc)

**Cur síos ar 2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*riocht a fhágann go n-éiríonn na cnámha caol, scagach agus sobhriste;*
*éiríonn neart na gcnámh lag; briseann cnámha go héasca; cailltear airde;*
*staidiúir chromtha; pian cnáimhe/néaróige; srl.*

**4 chúis pléite @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*méadaíonn an riosca le haois;*
*níos coitianta i mná (go háirithe mná iarmheanapásacha);*
*is féidir le stair teaghlaigh an riosca a mhéadú;*
*easpa cailciam; easpa vitimín D; fosfar;*
*d'fhéadfadh cailliúint mhór meáchain a bheith ina chúis le mais chnámh a chailleadh freisin;*
*cuireann easpa aclaíocht meáchain le lagú cnámh;*
*méadaíonn cineálacha áirithe míchumas an riosca - mar gheall ar neamhghníomhaíocht; srl.*

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na tosca a théann i bhfeidhm ar ionsú cailciam sa chorp.

(15 mharc)

**5 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:1:0)**

***Cuidítear** le Vitimín D; fosfar; próitéin; timpeallacht aigéadach; vitimín C; paratórmón hormón; éastraigin hormón; lachtós i mbainne; Vitimín B/B12 srl.*
***Cuirtear bac** ar thainnin; barraíocht snáithín cothaithe; barraíocht saille; barraíocht próitéine; aigéad fíteach; aigéad ocsalach; barraíocht alcóil; caitheamh tobac; nicitín; neamhoird cothaithe m.sh. galar céiliach; caiféin; drugaí; barraíocht Vitimín A; barraíocht Vitimín K; barraíocht sóidiam/salann; sulfar; aigéad fosfarach; srl.*

**(c)** Tabhair cuntas mionsonraithe ar tháirgeadh cáise. (17 marc)
Déan tagairt dóibh seo a leanas

- céimeanna sa táirgeadh **6 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**
- pacáistiú agus lipéadú **pacáistiú 2 phointe @ 1 mharc (grádaithe 1:0)**
  **lipéadú 3 phointe @ 1 mharc (grádaithe 1:0)**

***Céimeanna sa táirgeadh:** déantar bainne a phaistéara, (cáiseanna amha a dhéantar as bainne neamhphaistéartha)*
*cuirtear cultúr de **bhaictéir aigéid lachtaigh/** fínéagar leis; homaiginithe;*
*athraíonn lachtós (siúcra bainne) go haigéad lachtach a chuireann blas leis agus a ghníomhaíonn mar leasaitheach;*
*téitear bainne go 30°C;*
*cuirtear **binid**/ (oibreán gruthaithe leis – tá an einsím binide ann a théachtann próitéin (cáiséinigin go cáiséin); scarann an meascán ina ghruthanna (soladacha) agus meadhg (leachtach); draenáiltear an meadhg;*
*gearrtar na gruthanna chun níos mó meidhg a scaoileadh;*

*téitear na gruthanna go 35-40°C chun níos mó meadhg a fháscadh amach agus an raimhre cheart a bhaint amach (scalladh); gearrtar gruthanna ina mbloic agus carntar iad ar mhullach chéile chun an meadhg a dhraenáil go hiomlán (céadarú); gearrtar na bloic; cuirtear 2% salainn leis ar mhaithe le blas agus le caomhnú;*
*cuirtear gruthanna saillte i múnlaí agus brúitear iad;*
*is féidir na múnlaí a spraeáil le huisce te chun craiceann cosanta a chruthú;*
*baintear an cháis as an múnla;*
*déantar sonraí/dáta an táirgthe a stampáil ar chraiceann na cáise;*
*stóráiltear í ar feadh 3-12 mhí le go n-aibíonn sí;*
*déantar an cháis a ghrádú; a mheá i gcodanna; srl.*
***Pacáistiú**: folúsphacáilte i bpolaitéin; mála plaisteach zipghlasála; páipéar céirithe; tobáin phlaisteacha; boscaí adhmaid; scragaill stáin; srl.*
***Lipéadú:** cineál; branda; cainníocht; eolas cothaitheach; dáta stampáilte; srl.*

**Ceist 3**

'Tá sé de cheart ag gach duine bia sábháilte a ithe.' (*www.fsai.ie*)

**(a)** Sainaithin baictéar nimhithe bia **amháin** a ndearna tú staidéar air agus tabhair cuntas mionsonraithe air.
I gcás an bhaictéir a shainaithin tú, déan tagairt dóibh seo a leanas: (18 marc)

**Ainm** an bhaictéir **1 @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

- foinse **1 @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**
- bianna ardriosca **2 @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**
- tosca a théann i bhfeidhm ar fhás **3 @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**
- siomptóim an nimhithe bia. **2 @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

| ***Aithin Ainm @ 2 mharc*** | ***1 fhoinse @ 2 mharc*** | ***2 bhia ardriosca @ 2 mharc*** | ***3 thoisc a théann i bhfeidhm ar fhás @ 2 mharc*** | ***2 chomhartha @ 2 mharc*** |
|---|---|---|---|---|
| *Salmonella* | *stéigeacha/eisfhearadh an duine, ainmhithe nó éan;<br>uisce truaillithe; lámha nach bhfuil nite; srl.* | *feoil amh nó ghannchócaráilte;<br>iasc amh nó gannchócaráilte;<br>éineoil amh nó ghannchócaráilte;<br>uibheacha amha nó gannchócaráilte;<br>táirgí déiríochta neamhphaistéartha; srl.* | *Bia: sapraifíteach nó seadánach; srl.<br>Teocht: méisifileach 37°C (optamach); srl.<br>Taise: leacht; srl.<br>Ocsaigin: acmhainneach;<br>pH: neodrach; srl.<br>Am: teastaíonn am; srl.* | *buinneach;<br>samhnas;<br>cur amach;<br>pian bhoilg;<br>d'fhéadfadh fiabhras a bheith ag gabháil leis; srl.* |
| *Listéire* | *bianna neamhchócaráilte;<br>bianna cócaráilte-fuaraithe; bianna nach bhfuil téite go teocht ard go leor;<br>ithir; dramhaíl daoine agus ainmhithe; srl.* | *cáis bhog; pâté;<br>bainne neamhphaistéartha, cáis; feoil amh nó feoil ghannchócaráilte;<br>sailéid réamhullmhaithe;<br>bianna cócaráilte-fuaraithe; srl.* | *Bia: sapraifíteach nó seadánach; srl.<br>Teocht: méisifileach 30°C, (optamach) sícrifileach 5-20°C; srl.<br>Taise: leacht; srl.<br>Ocsaigin: acmhainneach;<br>pH: neodrach, beagán aigéadach; srl.<br>Am: teastaíonn am; srl.* | *buinneach;<br>samhnas;<br>cur amach;<br>matáin thinne; trithí;<br>crithfhuacht;<br>meiningíteas i linbh;<br>breith anabaí;<br>breitheanna roimh am; srl.* |
| *E. coli* | *stéigeacha/eisfhearadh an duine, ainmhithe nó éan; uisce truaillithe;<br>lámha nach bhfuil nite, srl.* | *feolta amha; feolta gannchócaráilte;<br>bainne agus cáis neamhphaistéartha;<br>iasc deataithe;<br>glasraí a níodh in uisce éillithe; srl.* | *Bia: sapraifíteach nó seadánach; srl.<br>Teocht: méisifileach 30-40°C (optamach); srl.<br>Taise: leacht; srl.<br>Ocsaigin: aeróbach; srl.<br>pH: neodrach; srl.<br>Am: teastaíonn am; srl.* | *buinneach;<br>samhnas;<br>cur amach;<br>pianta boilg;<br>fiabhras;<br>cliseadh duánach;<br>bás srl;* |
| *Clostridium botulinum* | *ithir; ábhar lofa; lámha nach bhfuil nite;<br>stéigeacha muc; faecas daoine agus ainmhithe; srl.* | *bainne, cáis, iógart neamhphaistéartha;<br>próiseáil lochtach bianna stánaithe íseal-aigéid; bianna folúsphacáilte; iasc deataithe; piobair chili; srl.* | *Bia: sapraifíteach nó seadánach; srl.<br>Teocht: méisifileach 30-37°C (optamach); srl.<br>Taise: leacht; srl.<br>Ocsaigin: aeróbach; srl.<br>pH: 4-6 nó níos airde; srl.<br>Am: teastaíonn am; srl.* | *buinneach;<br>samhnas;<br>cur amach;<br>caint tachta; radharc dúbailte; pairilis na scornaí; meadhrán;<br>is féidir bás a bheith mar thoradh air srl.* |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Stafalacocas órga* | *srón, scornach; ionfhabhtuithe craicinn; lámha nach bhfuil nite; srl.* | *bainne agus cáis neamhphaistéartha; feoil fhuar slisnithe; srl.* | *Bia: sapraifíteach nó seadánach;*<br>*Teocht: méisifileach 30-40°C; srl.*<br>*Taise: leacht; srl.*<br>*Ocsaigin: acmhainneach;*<br>*pH: neodrach; srl.*<br>*Am: teastaíonn am; srl.* | *buinneach; samhnas; cur amach; pianta boilg; fiabhras; srl.* |

***Clostridium perfringens; Campalabaictéar; srl.***

**(b)** Pléigh an tábhacht a bhaineann le bia a stóráil i gceart agus le modhanna cócaireachta/atéimh lena chinntiú go bhfuil bia sábháilte lena ithe.

(20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**
**1 phointe má dhéantar tagairt do stóráil; 1 phointe má dhéantar tagairt do chócaráil/aththéamh agus 2 cheann eile**

***Stóráil*** *clúdaítear bianna; cuir bianna somheatacha sa chuisneoir idir 2°C agus 5°C;*
*stóráil feoil/éineoil amh faoi/ar shiúl ó tháirgí bruite;*
*ná pacáil barraíocht sa chuisneoir;*
*lig do bhianna fuarú sula gcuirtear sa chuisneoir iad;*
*déanann bianna ullmhaithe a fhuarú agus a reo go tapa láithreach;*
*déan iad a reo ag -25°C; stóráil bianna reoite ag -18°C;*
*ná hathreoigh bianna coscartha choíche;*
*stóráil bianna teo ag teochtaí os cionn 65°C; srl.*
***Cócaráil/atéamh*** *déan bianna reoite a dhíreo go hiomlán sa chuisneoir sula ndéantar iad a chócaráil;*
*cócaráil hailt mhóra feola agus éineola go maith;*
*tiontaigh na bianna le linn cócarála;*
*úsáid amanna cócarála agus teochtaí cearta;*
*riar bianna cócaráilte láithreach;*
*ba chóir atéamh a dhéanamh go tapa ag teochtaí os cionn 100°C;*
*measc bianna leachtacha ardriosca .i. stobhach agus súlach lena chinntiú go ndéantar iad a atéamh go hiomlán; ná atéamh bia ach uair amháin; srl*

**(c)** Déan cur síos ar an gcosaint a sholáthraíonn na Comhphobail Eorpacha do thomhaltóirí Rialacháin maidir le Sláinteachas Earraí Bia, 2006 (leasaithe 2009 agus 2010).

(12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

*pléitear na caighdeáin ghinearálta sláinteachais a gcaithfidh áitribh bhia cloí leo;*
*ceanglaítear go mbeidh córas bainistíochta sábháilteachta bia ann m.sh. AGPRC;*
*ceanglaítear go gcuirfear oiliúint ar gach ball foirne maidir le sláinteachas bia m.sh. oiliúint AGPRC;*
*ceanglaítear go mbeidh córas bainistíochta sábháilteachta bia ann a gcloífear leis m.sh. nósanna imeachta AGPRC; ceadaítear orduithe dúnta a eisiúint chuig áitreabh bia i gcás ina bhfuil bagairt láithreach ann don tsláinte phoiblí;*
*ceadaítear bia mí-oiriúnach a scriosadh má bhíonn riosca láithreach ann don tsláinte phoiblí;*
*clárú ar áitreabh ina n-ullmhaítear/ dtáirgtear bia; srl*

**Ceist 4**
Bíonn tionchar ag iompraíocht tomhaltóirí ar an gcomhshaol.

**(a)** Pléigh an chaoi ar féidir le tomhaltóirí a bheith freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus fearais tí á roghnú agus á n-úsáid acu, agus nuair a fhaightear réidh leo.

(16 mharc)

**4 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**
**1 phointe ar gach ceann agus 1 cheann eile**

***Roghnú*** *seiceáil an rátáil éifeachtúlachta fuinnimh; roghnaigh éicea-níochán/níochán uisce laghdaithe/níochán ar theocht íseal;*
*méid ceart do riachtanais; féin-díreoite; micreathonnáin/aerfriochtáin mar mhalairt ar oigheann; roghnaigh brandaí atá aitheanta as saolré níos faide/atá deartha ionas gur féidir iad a dheisiú; seachain fearais atá róphacáistithe; srl.*
***Ag úsáid*** *timthriallta tíosacha/níocháin ar theocht íseal; cinntigh go bhfuil na lóid níocháin lán; múch an mód fuireachais; seachain an cuisneoir a róphacáil; coinnigh doras an chuisneora dúnta; fuaraigh bia sula gcuirfear isteach sa chuisneoir/reoiteoir é; roghnaigh micreathonnáin/aerfhriochtáin in ionad oighinn; srl.*
***Diúscairt*** *Ionaid athchúrsála; leis an treoir maidir le WEEE, is féidir le tomhaltóirí trealamh leictreach agus leictreonach tí a fhágáil ar ais saor in aisce, ag ionaid mhiondíola nó ag pointí bailithe údaraithe eile; bí an-chúramach agus fearais cuisniúcháin á ndiúscairt; srl.*

**(b)** Leag amach sonraí staidéir a rinne tú ar fhearas cuisniúcháin **amháin**. (22 marc)
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- prionsabal oibre **5 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:1:0)**
  glac le hainm an fhearais cuisniúcháin **@ 1 mharc**

Glac leis na pointí **Trom + 2 phointe eile**
*tá mótar ceangailte le **comhbhrúiteoir** a fhórsálann cuisneán gásach (freon 12, srl.) isteach sa chomhdhlúthadán;*
*sa **chomhdhlúthadán**, fuaraíonn an cuisneán agus athraíonn sé go leacht; eití fuaraithe;*
*téann an cuisneán leachtach isteach sa **ghalaitheoir** áit a n-athraíonn sé go gás;*
*tarraingíonn sé sin teas ón taobh istigh den chuisneoir;*
*filleann an cuisneán gásach ar an gcomhbhrúiteoir agus tosaíonn an timthriall arís;*
*dícheanglaíonn an teirmeastat an mótar nuair a bhíonn teocht an chuisneora idir 1 agus 4°C;*
***Glac le léaráid atá lipéadaithe go soiléir***

- gnéithe nua-aimseartha. **3 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**

*dáileoir deochanna fuaraithe; seilfeanna ar a bhfuil geata le haghaidh coimeádáin arda; múnlaí uibhe; tarraiceáin;*
*doras cuisneora comhtháite; taispeáint dhigiteach teochta;*
*gléas déanta oighir inmheánach nó seachtrach; cuisniú criosaithe;*
*díreo uathoibríoch; cuisneoirí saor ó shioc;*
*socruithe mearfhuaraithe; bratuithe frithbhaictéaracha;*
*Soilsiú LED; aláram dorais oscailte;*
*tarraiceáin rialaithe taise; íonú aeir;*
*gnéithe/teicneolaíocht cuisneora chliste; srl.*

**(c)** Mínigh an chaoi a dtugann an tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 cosaint do thomhaltóirí nuair atá táirgí leictreacha á gceannach acu. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

*déileáiltear san acht le ráthaíochtaí; déileáiltear le fógraí i siopaí;*
*caithfidh earraí a bheith oiriúnach don aidhm atá beartaithe dóibh; caithfidh earraí a bheith ar cháilíocht indíoltachta;*
*caithfidh earraí a bheith mar a gcuirtear síos orthu; caithfidh earraí a bheith ag teacht leis an sampla atá ar taispeáint; caithfidh siad a bheith réasúnta buan; cuirtear sásamh ar fáil do thomhaltóirí – deisiú, athsholáthar nó aisíocaíocht;*
*conradh ceangailteach ó thaobh an dlí de idir an ceannaitheoir agus an díoltóir nuair a cheannaítear táirge; srl.*

**Ceist 5**
Tá ról lárnach ag an teaghlach sa tsochaí agus bíonn sé i gcónaí ag dul in oiriúint d'athruithe.

**(a)** Tabhair cuntas ar fhorbairt stairiúil an teaghlaigh in Éirinn ó lár an fhichiú haois go dtí an lá atá inniu ann. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**

*struchtúr teaghlaigh; méid teaghlaigh; suíomh; róil thuismitheoirí; caighdeán maireachtála; pósadh; ioncam; caidrimh teaghlaigh; tacaíochtaí stáit; cumarsáid; cúram leanaí; oideachas; comhionannas inscne; tionchar an reiligiúin; básmhaireacht leanaí; teicneolaíocht; srl.*

**(b)** Déan cur síos ar **thrí** phríomhfheidhm atá ag an teaghlach sa tsochaí chomhaimseartha agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a dtugann an Stát tacaíocht don teaghlach i gcás gach ceann de na feidhmeanna sin. (18 marc)

**3 fheidhm agus tacaíocht stáit ghaolmhar @ 6 mharc (grádaithe 6:5:4:3:2:1:0)**

***Cothú, tógáil, feidhm mhothúchánach*** *tugann an teaghlach aire d'fhorbairt mhothúchánach agus shíceolaíoch linbh; soláthraíonn sé dearbhú, spreagadh, grá agus slándáil; cuidíonn sé leis an leanbh pearsantacht stuama a fhorbairt i dtimpeallacht shábháilte, shlán agus ghrámhar; srl.*
***Tacaíocht stáit*** *cúrsaí tuismitheoireachta; seirbhísí síceolaíochta; srl.*
***Feidhm eacnamaíoch*** *oibríonn daoine fásta sa teaghlach chun airgead a thuilleamh chun soláthar a dhéanamh do chleithiúnaithe; srl.*
***Tacaíocht stáit*** *íocaíochtaí leasa shóisialaigh; cártaí leighis; soláthar béilí do scoláirí i scoileanna DEIS; Scéim Leabhar Scoile; srl.*
***Feidhm oideachais/intleachtúil*** *tacaíonn sí le hoideachas stáit leanaí trí mhaoirseacht a dhéanamh ar obair bhaile agus rannpháirtíocht leanaí sa scoil a spreagadh; soláthraítear timpeallacht bhaile spreagúil; srl.*
***Tacaíocht stáit*** *scolaíocht fhoirmiúil; tacaíochtaí do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu; socruithe le haghaidh scrúduithe stáit; Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE); Scéim Leabhar Scoile i mbunscoileanna agus i meánscoileanna; srl.*
***Feidhm shóisialaithe*** *is é an teaghlach an príomhionad le haghaidh sóisialaithe; cuireann sé an leanbh ar an eolas faoi chreideamh, cultúr, teanga, noirm, traidisiúin, luachanna na sochaí ina maireann sé/sí; gníomhaire rialaithe shóisialta trína thaispeáint don leanbh cad is iompar inghlactha agus cad is iompar do-ghlactha ann; srl.*
***Tacaíocht stáit*** *tugtar tacaíocht i scolaíocht fhoirmiúil trí OSPS agus an curaclam ceilte; srl.*
***Feidhm chosanta*** *cosnaíonn an teaghlach baill leochaileacha agus tugann sé aire dóibh - leanaí óga, daoine scothaosta agus daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu;*
***Tacaíocht stáit*** *íocaíochtaí leasa shóisialaigh; fostaíonn FSS altraí sláinte poiblí chun scrúduithe forbraíochta a dhéanamh ar gach leanbh; reáchtálann FSS Cláir Máithreacha Pobail; féadfaidh oibrithe sóisialta ó Tusla cúnamh a thairiscint do theaghlaigh; féadfar leanaí a chur i gcúram altrama; soláthar cártaí leighis; srl.*
***Feidhm fhisiceach*** *soláthraíonn sé do na bunriachtanais fhisiceacha; srl.*
***Tacaíocht stáit*** *íocaíochtaí leasa shóisialaigh; cúram dochtúra teaghlaigh saor in aisce; béilí scoile; srl.*

**(c)** Pléigh ról na seantuismitheoirí/na mball teaghlaigh atá níos sine i saol an teaghlaigh nua-aimseartha. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

*is féidir leo tacaíocht a sholáthar trí aire a thabhairt do leanaí;*
*múineann siad meas ar an nglúin níos sine do dhaoine óga ar bhealach indíreach go minic;*
*is féidir leo tacaíocht mhothúchánach iontach a thabhairt do leanaí agus do gharpháistí- d'fhéadfadh caidreamh níos éasca a bheith acu leo;*
*cúnamh airgeadais a sholáthar;*
*traidisiúin agus scileanna saoil a thabhairt ar aghaidh;*
*is féidir leo a bheith ina n-eiseamláirí dearfacha dá ngarpháistí;*
*d'fhéadfadh athrú teacht ar an ról de réir mar a théann seantuismitheoirí in aois – d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó cúraim agus tacaíocht airgeadais de dhíth orthu; srl.*

## Roinn C 40 nó 80 marc

Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach nó Ceist 4 (croí-ábhar) ar a n-áirítear **cuid (a)** agus **cuid (b) nó cuid (c)**.
Má chuir tú isteach obair chúrsa i *dTeicstílí, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, ní cheadaítear duit ach Ceist 2 as an roinn seo a fhreagairt.
Scríobh do fhreagra sa fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn A**.

### Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **1(a)** agus **1(b) nó 1(c)** a fhreagairt.

**1.(a)** Meastar gurb í an chistin croílár an tí.

**(i)** Pléigh na tosca a imríonn tionchar ar dhearadh na cistine/an tseomra bia.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:
- méid agus cúinsí an teaghlaigh
- eirgeanamaíocht
- feasacht comhshaoil (16 mharc)

**4 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**
**1 phointe ar gach ceannteideal agus 1 phointe eile**

***méid agus cúinsí an teaghlaigh*** *méid an teaghlaigh; céim an teaghlaigh; riachtanais daoine aonair sa teaghlach; riachtanais bhreise; tosca fostaíochta/sealobair/obair pháirtaimseartha; srl.*

***eirgeanamaíocht*** *leagan amach troscáin chun go mbeidh daoine ábalta bogadh go héasca; triantán oibre; seicheamh oibre; criosú limistéar oibre; stóráil trealaimh/deilf etc.; airde cheart dromchlaí oibre/cuntar/stól ard/táblaí/cathaoireacha; dromchlaí/ábhair atá furasta a ghlanadh; srl.*

***feasacht timpeallachta*** *tionchar na n-ábhar a úsáidtear ar an timpeallacht; táirge a chruthú; ag baint úsáid as táirgí; táirgí a chur de láimh; bunús na n-ábhar; inbhuanaitheacht; athúsáid; athchúrsáil; athearraíocht; srl.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na prionsabail ba chóir a chur san áireamh nuair atá córas soilsithe á phleanáil le haghaidh cistine/seomra bia.
(16 mharc)

**4 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

*solas nádúrtha a ionchorprú ag céim na pleanála/tógála; feidhmeanna an tseomra; gné - aghaidh ó thuaidh/ó dheas; soilsiú tascanna; soilsiú ginearálta; soilsiú aicinn; sábháilteacht; éifeachtúlacht fuinnimh; aeistéitic; srl.*

**(iii)** Mínigh bunphrionsabal an aeraithe agus tabhair breac-chuntas ar an tionchar a bhíonn ag droch-aerú i gcistin/seomra bia. (18 marc)

**3 phointe maidir le bunphrionsabal an aeraithe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*leathnú teirmeach; téitear an t-aer, leathnaíonn agus ardaíonn an t-aer; suiteáiltear asraonta aeraithe go hard ar bhallaí; baintear aer te, stálaithe; tarraingítear aer úr, fuar isteach níos ísle thíos; cruthaítear sruth comhiompair; malartú aeir; srl.*

**3 éifeacht a bhaineann le haerú neamhleor @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*maireann bolaithe; comhdhlúthú; fás múscán; taise; urláir shleamhaine; méadú ar theocht an tseomra; carnadh dé-ocsaíde carbóin; carnadh aonocsaíde carbóin; srl.*

**agus**

**1.(b)** Freastalaíonn tithíocht mhaith ar fholláine fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach na ndaoine a chónaíonn inti.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar na riachtanais tithíochta a theastaíonn chun freastal ar riachtanais gach ceann de na grúpaí daoine seo a leanas:

- teaghlaigh ina bhfuil leanaí atá ag freastal ar scoil
- daoine faoi mhíchumas. (18 marc)

**6 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

**2 phointe ar gach ceann agus aon 2 cheann eile**

***teaghlaigh ina bhfuil leanaí atá ag freastal ar scoil*** *cistin dea-fheistithe, aeráilte, soilsithe go maith agus fhairsing; dóthain seomraí leapa; dóthain stórála; dóthain seomraí folctha; seomra suí ilchuspóireach; seomra súgartha in aice leis an gcistin; geata staighre; gairdín iata sábháilte; bothán/garáiste gairdín; gar do shiopaí áitiúla, scoil, áiseanna cúraim leanaí, páirceanna, iompar poiblí; srl.*

***daoine faoi mhíchumas*** *dlúthchóiríocht aon urláir; rampaí a thugann rochtain ar an teach; doirse leathana; modh sábháilte agus éifeachtach chun teach a théamh; cuntair oibre cistine níos ísle; ardaitheoir cathaoireacha feistithe de na staighrí; ráillí láimhe más gá; córais slándála/aláraim scaoill; leibhéil soilsithe inchoigeartaithe; spásanna céadfacha; leibhéal ardaithe leithris; suíochán cithfholcadáin; urláir neamhsciorracha; soilsiú maith ar chéimeanna/staighrí; gar do shaoráidí/siopaí/leabharlanna áitiúla; sciath-thithíocht; srl.*

**(ii)** Pléigh an soláthar de thithíocht shóisialta in Éirinn. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

*is iad údaráis áitiúla príomhsholáthraithe na tithíochta sóisialta;*
*tá tithíocht shóisialta ar fáil do dhaoine nach bhfuil sé ar a n-acmhainn teach a cheannach nó cóiríocht a fháil ar cíos go príobháideach;*
*leithdháiltear tithíocht shóisialta de réir incháilitheacht agus riachtanais daoine;*
*is féidir tacaíocht tithíochta a sholáthar trí*

*tionóntacht ar cíos i réadmhaoin atá faoi úinéireacht an údaráis áitiúil;*
*tionóntacht ar cíos ar feadh 10-20 bliain ó údarás áitiúil nó ó chomhlacht ceadaithe tithíochta;*
*Íocaíocht cúnaimh tithíochta (ÍCT);*
*Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC);*
*tionóntacht ar cíos i réadmhaoin faoi úinéireacht comhlacht ceadaithe tithíochta;*

*cuireann comhlachtaí tithíochta ceadaithe neamhspleácha neamhbhrabúis m.sh. Safe-Home Ireland tithíocht ar fáil dóibh siúd atá ceadaithe i gcomhair tacaíocht tithíochta sóisialta freisin;*
*cóiríocht shonrach do dhaoine gan dídean; daoine scothaosta; baill den phobal taistealaithe;*
*is féidir tithe údaráis áitiúil a oiriúnú chun freastal ar riachtanais shonracha teaghlaigh;*
*tá deontais ar fáil chun inrochtaineacht tithe príobháideacha a mhéadú do dhaoine a bhfuil daoine scothaosta /daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu sa teaghlach; srl.*

**nó**

**1.(c)** 'Úsáideann Éireannaigh 133 lítear uisce an duine gach lá ar an meán.' (*www.greenhome.ie*)

**(i)** Déan cur síos ar an gcóras uisce fhuair i dteach. (15 mharc)

**5 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*tugann an príomhphíopa an t-uisce chuig an gceantar;*
*nascann píopa seirbhíse an príomhphíopa leis an teach;*
*sa teach, bíonn an píopa seirbhíse ceangailte leis an doirteal cistine de ghnáth;*
*le buacaire is féidir an soláthar uisce a chasadh as;*
*soláthraíonn an príomhphíopa ardaitheach uisce fuar don umar stórála san áiléar;*
*teastaíonn caidéal leictreach chun na críche sin i dtithe áirithe;*
*cuirtear an t-umar stórála a bhfuil toilleadh 230 lítear ann san áiléar ionas go mbeidh sé ard go leor chun brú a chruthú chun an córas a fhothú;*
*téann píopa amach ón umar stórála chun uisce fuar a sholáthar do sconnaí an tseomra folctha agus na leithris ar fud an tí;*
*rialaíonn comhla liathróide taobh istigh den umar stórála leibhéal an uisce agus stopann sé an sreabhadh nuair a shroichtear leibhéal áirithe;*
*suiteáiltear píobán forsceite ionas nach bhforsceithfidh an t-umar;*
*ba chóir don umar stórála a bheith inslithe agus clúdaithe;*
*níl uisce ón umar stórála oiriúnach le hól; srl.*
**Glac le léaráid atá lipéadaithe go maith**

**(ii)** Ceap sraith straitéisí éagsúla lena chinntiú go ndéantar uisce an teaghlaigh a bhainistiú ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus inbhuanaithe san áit chónaithe. (15 mharc)

**5 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*suiteáil amadóir ar an tumthéitheoir leictreach ionas nach gcuirfear leictreachas amú;*
*suiteáil painéil ghréine chun an t-uisce a théamh; an sorcóir uisce the a insliú;*
*deisigh sconnaí atá ag sceitheadh; ná nigh earraí faoi sconna atá ag rith;*
*suiteáil sconnaí braiteora; leithris dé-shruthlaithe; gléasanna díláithriúcháin sistéal;*
*ná húsáid cithfholcadáin chumhachta; úsáid sconnaí/sconnaí cithfholcadáin éiceolaíocha/aerthóra;*
*glac cithfholcadh in ionad folcadáin; glac cithfholcadáin níos gairide;*
*bailigh uisce báistí le húsáid sa teach; úsáid uisce liath; srl.*

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh – 40 marc

Ní mór d’iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **2(a) agus 2(b) nó 2(c)** a fhreagairt.

**2.(a)** Is príomhbhall éadaigh é bléasar i rogha éadaí duine.





(*www.pinterest.com*)

**(i)** Déan measúnú ar dhearadh na bhfeisteas a thaispeántar thuas.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- dearadh
- compord
- tarraingt aeistéitiúil.

(15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**
**tagairt amháin do gach feisteas agus 1 eile**

***dearadh*** *scéim dathanna codarsnachta; scéim dathanna monacrómatacha; mionsonra maisiúcháin ar léine-T; is féidir le bríste géine ar a bhfuil cosa leathana cuma níos gairide a chur ar na cosa; cuireann mála béim ar an dearadh; fáinní cluaise fada; srl.*
***compord*** *bog; coinneofar an cruth; ní chuirfear filltíní sna bríste géine; oiriúnach d'aimsir the agus fhuar; pócaí sna bríste géine agus i mbléasair; feistiú scaoilte; buataisí; bróga reatha; srl.*
***mealltacht aeistéitiúil*** *taitníonn siad le daoine óga atá faiseanta; is féidir iad a chaitheamh ag an obair agus le linn am saor; feistiú struchtúrtha; cuma shlachtmhar orthu ach ní róghléasta; tá sé éasca bogadh i mbrístí géine; pócaí i mbrístí géine, is féidir rudaí a choinneáil i mbléasar; srl.*

**(ii)** Ainmnigh prionsabal dearaidh **amháin** agus mínigh conas a léirítear é i gceachtar den dá fheisteas thuas. (10 marc)

**Ainmnigh prionsabal oibre 1 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:0)**
**Conas a léirítear é in aon cheann de na héadaí 2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

***Cothromaíocht*** *oibríonn dathanna na n-éadaí go maith le chéile; piocann an mála láimhe dathanna sna fáinní cluaise suas; ní bhíonn an bléasar rómhór do cheachtar ceann de na feistis; srl.*
***Béim*** *bléasar de dhathanna éagsúla; buataisí/bróga de dhathanna éagsúla; maisiú ar t-léine; t-léine bhán fir; crios; mála láimhe; fáinní cluaise; srl.*
***Coibhneas*** *níl an bléasar rómhór ar cheachtar ceann de na feistis; ní an mála láimhe rómhór; srl.*
***Rithim*** *dath an mhála láimhe ar na fáinní cluaise freisin; dúghorm leantach i mbrístí géine agus bléasair fir; stiallacha dúghorma ar bhróga fir; srl.*

**agus**

**2.(b)** Le tástálacha feidhmíochta, tomhaistear sraith uathúil na dtréithe atá ag fabraic.

**(i)** Ainmnigh **dhá** thástáil feidhmíochta is féidir a dhéanamh ar fhabraicí agus mínigh an nós imeachta atá i gceist le ceann **amháin** de na tástálacha atá ainmnithe agat a chur i gcrích.

(15 mharc)

**2 thástáil feidhmíochta ainmnithe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**
**gnáthamh a bhí i gceist 3 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

***tástáil friotaíochta scrábtha*** *sín an fhabraic trasna an bhloic adhmaid; cuimil an fhabraic go láidir ar feadh cúpla nóiméad le slíogart, déan an gnáthamh arís leis na samplaí fabraice atá fágtha; breathnaigh ar na fabraicí éagsúla ag baint úsáid as scála cúig phointe lena gcumas seasamh in aghaidh ghníomh an tslíogairt ar a ndromchla; srl.*
***tástáil airíonna inslithe*** *líon an feadán tástála gloine le huisce atá téite go dtí an teocht shocraithe; tá teirmiméadar san fheadán tástála; taifead an teocht i ndiaidh 5-10 nóiméad agus taifead ráta na titime teochta; fill an fhabraic atá á tástáil timpeall an fheadáin tástála le banda rubair; déan an gnáthamh thuas arís, srl.*
***tástáil sínidh agus leaisteachais*** *breac síos fad an tsampla fabraice ar pháipéar graif; croch na stiallacha fabraice atá meáite ag ceann amháin i gcoinne bileog páipéir graif atá greamaithe de phíosa adhmaid; marcáil an suíomh is faide inar shín an fhabraic ar dtús; fág ar feadh lá amháin é, bain na meáchain agus féach an bhfillfidh na samplaí fabraice ar a bhfaid bhunaidh; srl.*
***tástáil friotaíochta roc*** *roc píosa fabraice go teann i ndorn dúnta; coinnigh ar feadh 1 nóiméad; breathnaigh freagairt na fabraice nuair a scaoiltear as an dorn dúnta é agus nuair a bhaintear na roic as; ceap scála cúig phointe chun friotaíocht roc de líon samplaí fabraice a chur i gcomparáid le chéile; srl.*
***tástáil in-niteachta*** *smálaigh líon samplaí fabraice ar an mbealach céanna; gearr gach sampla den mhéid chéanna go díreach; coinnigh sampla amháin mar rialú; ag baint úsáid as teochtaí éagsúla, ach an méid céanna glantach, gníomh agus am níocháin, nigh na samplaí fabraice éagsúla; nuair a bheidh siad tirim, déan comparáid idir na samplaí agus an sampla rialaithe maidir le síneadh, crapadh, buaine datha, roic; srl.*
***tástáil buaine datha*** *tum samplaí d'fhabraicí le dathanna láidre i mbáisín uisce gallúnaí astu féin; tabhair faoi deara an bhfuil aon dath ag sceitheadh ón sampla san uisce; tóg gach sampla as féin, cuir ar bharr bileog bhán é agus triomaigh le hiarann é; nuair a bheidh an sampla fabraice daite tirim, tabhair faoi deara an bhfuil aon dath fágtha ar an mbileog bhán; srl.*
***tástáil ionsúcháin*** *gearr stiallacha d'fhabraicí éagsúla ag cinntiú go bhfuil na stiallacha an fad céanna; ceangail stiallacha fabraice le miotal nó le barra adhmaid; cuir na stiallacha isteach i mbabhla uisce ionas go mbeidh na stiallacha ag teagmháil le dromchla an uisce; fág na samplaí ar feadh 5 nóiméad; bain na samplaí as an uisce agus tomhais cé chomh fada agus a thaistil an t-uisce suas gach stiall; srl.*
***tástáil clúmhaigh agus dul i bhfostú*** *lipéadaigh samplaí fabraice; daingnigh páipéar gainimh ar bhloc adhmaid le bandaí rubair; ag baint úsáid as bloc páipéir gainimh, cuimil gach sampla fabraice an líon céanna uaireanta; déan comparáid idir na samplaí; srl.*
***tástáil friotaíochta stróicthe*** *tóg gach sampla fabraice agus tarraing é leis d'fhonn an sampla a stróiceadh; tabhair faoi deara cad iad na samplaí a stróiceann go héasca agus cad iad na samplaí nach stróiceann; srl.*

***tástáil friotaíochta uisce*** *gearr ciorcail fabraice 8cm ar trastomhas; fill gach ciorcal fabraice i gcón; cuir fabraic chónúil i dtonnadóir scagaire tirim ar sheastán agus a ceann i mbéal an fheadáin tástála; scaoil an méid céanna uisce isteach i ngach cón fabraice; taifead an t-am; i ndiaidh 1 uair an chloig, tomhais méid an uisce a d'imigh tríd an bhfabraic isteach sa fheadán tástála; srl.*
***tástáil friotaíochta lasrach*** *gearr na samplaí fabraice i bpíosaí cothroma; cuir sampla fabraice amháin ar an sásar; coinnigh greim ar an sampla le tlúnna; las an sampla fabraice ag ceann amháin; breathnaigh an dóigh a ndónn an fhabraic; cuir an sampla ar an sásar agus scrúdaigh an luaithreach/an t-iarmhar atá fágtha nuair a mhúchann an lasair; srl.*

**nó**

**2.(c)** 'Tá aird á tarraingt ag dearthóirí na hÉireann orthu féin i saol an fhaisin idirnáisiúnta.' (*www.dcci.ie*)

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a imríonn tionchar ar threochtaí faisin reatha.
(9 marc)

**3 thionchar @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*pearsana poiblí; ceiliúráin; tionchairí; tithe faisin agus dearthóirí;*
*saincheisteanna comhshaoil; tionchair damhsa; tionchair cheoil;*
*méadú ar thaisteal; tionchair chultúrtha; imeachtaí domhanda; srl.*

**(ii)** Tabhair samplaí den chaoi ar féidir ball éadaigh a athchóiriú chun treocht reatha a léiriú.
(6 mharc)

**2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*criosanna a chur leis; maisiúcháin a úsáid; fad brístí/sciortaí a athrú;*
*málaí a théann trasna na colainne a chur leis; sraitheanna; úsáid cosaintí gualainne; seaicéid a ghearradh;*
*bléasair a bhaint ó chéile; an dóigh a gcaitear éadaí a choigeartú - droim ar ais, sciorta mar ghúna;*
*cuma sheanchaite a chur ar bhrístí géine; dath éadaigh a athrú; srl.*

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **3(a)** agus **3(b) nó 3(c)** a fhreagairt.

**3.(a)** Aithnítear gur cuid thábhachtach de shaol daoine í an obair.

**(i)** Pléigh an chaoi a bhfuil riachtanais oideachais mhéadaithe agus solúbthacht maidir le huaireanta oibre tar éis dul i bhfeidhm ar chúrsaí oibre in Éirinn.

(20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**
**2 phointe má dhéantar tagairt do riachtanais oideachais mhéadaithe,**
**2 phointe má dhéantar tagairt do sholúbthacht in uaireanta oibre agus 1 eile**

*tá **méadú ar riachtanais oideachais** riachtanach mar gheall ar athrú ar struchtúr an tionscail; níos lú post ar fáil i dtionscail phríomhúla agus thánaisteacha; níos mó oibre ar fáil sa tionscal treasach; uasoiliúint mar ghné rialta den fhostaíocht; deiseanna laghdaithe do luathfhágálaithe scoile agus d'oibrithe neamhoilte; cuireann cúrsaí Springboard+ an Rialtais oiliúint ullmhachta don phost ar fáil; cáilíochtaí tríú leibhéal atá riachtanach do go leor post; aithníonn cuideachtaí ilnáisiúnta lucht saothair Éireannach dea-oilte; srl.*

***solúbthacht mhéadaithe in uaireanta oibre** fleisc-am; am téarma; comhroinnt poist; uaireanta oibre comhbhrúite; obair chumaisc/cianobair; saoire thuismitheoirí chun aire a thabhairt do leanbh faoi bhun 12 bliana d'aois agus faoi bhun 16 bliana d'aois i gcás breoiteachta/míchumais; sosanna gairme; uaireanta oibre laghdaithe; páirtaimseartha; méadú ar rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair; srl.*

**(ii)** Déan anailís ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag tosca intreacha agus ag tosca eistreacha ar mheon duine i leith na hoibre. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**
**1 phointe ar gach ceann + 1 phointe eile**

***sástacht oibre intreach** faightear pléisiúr nó sásamh óna obair féin a chríochnú seachas an gnóthachan airgeadais; má bhíonn an obair taitneamhach, sásúil agus má sholáthraíonn sí dúshláin leordhóthanacha d'oibrithe chun iad a choinneáil spreagtha, is gnách go mbíonn leibhéil níos airde féinmhuiníní ag oibrithe; bíonn siad bródúil as a gcuid oibre; bíonn mothúcháin dhearfacha acu nuair a dhéanann siad an obair; srl.*

***sástacht oibre eistreach** faightear í ó na sochair a bhaineann leis an bpost seachas an post féin; meastar gur leor an luach saothair a sholáthraítear (pá ard, carr cuideachta, bónais, árachas sláinte, am saoire; srl.) chun obair a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith athfhillteach agus gan sásamh; d'fhéadfadh leibhéil níos ísle féinmhuiníne a bheith ag na hoibrithe; b'fhéidir nach mbeadh siad chomh bródúil céanna as a gcuid oibre;*
*b'fhéidir nach mbeadh an oiread céanna mothúchán dearfach acu nuair a dhéanann siad an obair; srl.*

**(iii)** Ainmnigh rogha cúraim leanaí **amháin** a bhíonn ar fáil do thuismitheoirí atá ag obair agus déan an rogha sin a mheas. (15 mharc)

**ainm na rogha cúraim leanaí @ 3 mharc (grádaithe 3:0)**

*feighlithe leanaí; au pair;*
*ionaid cúraim lae; ; crèche; naíolanna; grúpaí iarscoile;*
*Scoileanna Montessori; Naíonraí; srl.*

**meastóireacht ar an rogha cúraim leanaí**
**4 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*suíomh; uaireanta oscailte; costas; timpeallacht shábháilte agus shláinteach; foireann iontaofa; gníomhaíochtaí atá ar fáil; cáilíochtaí agus taithí na foirne; cóimheas idir foireann agus leanaí; oiriúnacht d'aois an linbh; oiriúnacht do riachtanais an linbh; áisiúlacht; srl.*

**agus**

**3.(b)** Baineann an duine aonair agus an teaghlach araon tairbhe as an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

**(i)** Déan anailís ar na cúiseanna a bhfilleann daoine fásta ar an oideachas. (18 marc)

**3 phointe @ 6 mharc (grádaithe 6:4:2:0)**

*cáilíochtaí a ghnóthú, uasoiliúint/athoiliúint a dhéanamh má tá siad dífhostaithe; cáilíochtaí/ionchais ardú céime a fheabhsú; forbairt ghairmiúil; coinneáil suas le dul chun cinn teicneolaíochta; scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt; sóisialú; féinsásamh; scíth a ligean; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar an gcaoi ar bhfuil feabhsuithe i soláthar oideachais i ndiaidh tionchar a imirt ar shaol an teaghlaigh. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

*acmhainní méadaithe ar fáil do scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais bhreise acu: - laghdaíonn sé an gá atá le tacaíocht phraiticiúil teaghlaigh a oiread agus is féidir;*
*mar gheall ar sholáthar oideachais saor in aisce, tá an t-oideachas inrochtana do chách - níos lú imní airgeadais do theaghlaigh ar ioncam níos ísle;*
*le cúnamh airgeadais don tríú leibhéal, tá é níos inrochtana - fanann leanaí óga fásta san oideachas ar feadh tréimhse níos faide;*
*freastalaíonn cúrsaí/cláir nua ar an dara leibhéal ar réimse cumas agus stíleanna foghlama - tugann sé deis do dhaoine óga foghlaim agus scileanna a fhorbairt ar bhealach níos éagsúla - níos lú struis sa bhaile;*
*mar gheall ar athruithe ar churaclaim, tá an t-oideachas níos ábhartha do chách - tá scoláirí níos dírithe ar scoil - níos lú dícheangail/níos lú daoine ag fágáil na scoile go luath agus níos lú gá le tuismitheoirí idirghabháil a dhéanamh;*
*tá níos mó rochtana ag daoine a bhfuil freagrachtaí tuismitheoireachta orthu ar oideachas/cúrsaí ar líne - méadú ar fhéinsásamh agus sástacht - rud a mbíonn rólchuspaí dearfacha i dteaghlaigh mar thoradh air;*
*nuair a fhanann baill teaghlaigh san oideachas ar feadh tréimhse níos faide - d'fhéadfadh caighdeán maireachtála níos fearr a bheith acu;*
*oideachas do dhaoine fásta agus oideachas athdheise ar fáil do thuismitheoirí - feabhsaítear caighdeáin mhaireachtála do theaghlaigh;*
*HEAR; DARE; deontas SUSI; Youthreach; VTOS, béilí scoile saor in aisce; scéim na leabhar; srl.*

**nó**

**3.(c)** In 2023, bhí 559,850 duine beo bocht in Éirinn. Is leanaí os cionn 176,900 díobh.

*(Ceartas Sóisialta Éireann, Samhain 2024*)

**(i)** Déan plé ar na cúiseanna atá le bochtaineacht. I do fhreagra, déan tagairt do thimthriall na bochtaineachta. (18 marc)

***3 phointe @ 6 mharc (grádaithe 6:4:2:0)***

***timthriall na bochtaineachta*** *is ann do bhochtaineacht le go leor glúnta anuas mar gheall ar rochtain theoranta ar acmhainní agus ar dheiseanna; méadú ar an gcostas maireachtála; méadú ar chostas tithíochta; ganntanas tithíochta sóisialta; méid teaghlaigh; teaghlaigh aontuismitheora; cúlú eacnamaíoch; dífhostaíocht; spleáchas ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh; fadhbanna sóisialta; andúil; easpa oideachais; beartas sóisialta; gaiste bochtaineachta; srl.*

**(ii)** Déan idirdhealú idir **gach** ceann de na cineálacha bochtaineachta seo a leanas: (12mharc)

- bochtaineacht iomlán **2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**
- bochtaineacht choibhneasta. **2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

***dearbh-bhochtaineacht*** *gan dóthain ioncaim nó acmhainní le haghaidh caighdeán maireachtála réasúnta;*
*b'fhéidir nach bhfuil daoine ábalta maireachtáil go fisiciúil mar gheall ar easpa bia, dídine, éadaí; rud a tharlaíonn go coitianta do daoine gan dídean; srl.*
***bochtaineacht choibhneasta*** *daoine atá ina gcónaí faoi bhun an chaighdeáin maireachtála bhunúsaigh a aithníonn an tsochaí;*
*eisítear daoine ó pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a mheastar iad mar ghnáthghníomhaíochtaí sa tsochaí;*
*tarlaíonn sé i dteaghlaigh ina bhfuil an t-ioncam faoi bhun na líne bochtaineachta; ioncam níos lú ná 60% den mheánioncam teaghlaigh; srl.*

## Ceist 4 – Croí-ábhar – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **4(a)** agus **4(b) nó 4(c)** a fhreagairt.

**4.(a)** Tá fáil ag tomhaltóirí in Éirinn ar fheoil agus ar tháirgí feola ardchaighdeáin ag pointí praghais a oireann dá mbuiséid.

**(i)** Pléigh an tábhacht chothaitheach a bhaineann le feoil sa réim bhia. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:3:2:1:0)**

***próitéin*** *20-30%/próitéin HBV; mióisin, aictin agus glóibin i snáithíní feola;*
*Tá collaigin agus laistin i bhfíochán tacaíochta; le haghaidh fáis agus deisithe;*
*déantúsaíocht hormón; srl,*
***saill*** *10-30%/saill sháithithe; braitheann an méid atá i láthair ar an gcineál feola conablaigh agus ar an ngearradh feola; is féidir leis an tsaill a bheith le infheicthe nó dofheicthe;*
*soláthraítear teas agus fuinneamh; insliú; srl.*
***carbaihiodráití*** *0%; riar le bia stáirsiúil; d'fhéadfadh glicigin a bheith san ae; srl.*
***vitimíní*** *foinse mhaith vitimíní grúpa B; meitibileacht* $B_1$ *(tiaimín) de charbaihiodráití agus saille; cuidíonn B2 (ribeaflaivin) le fás agus forbairt i leanaí;*
Coinníonn $B_3$ (niaicin) an craiceann sláintiúil; tacaíonn $B_6$ (pireadocsaín) le gníomhaíocht shláintiúil néaróg;
*Coinníonn* $B_{12}$ *(cóbalaimín) truaill mhiailineach; vitimín D (ionsú cailciam) san ae; srl.*
*méideanna beaga vitimín A (radharc sláintiúil) san ae;*
***mianraí*** *foinse mhaith iarainn haem - táirgeann sé haemaglóibin;*
*potaisiam le haghaidh meitibileacht phróitéine, crapadh matáin;*
*sinc le haghaidh meitibileacht mhacrachothaitheach; sulfar;*
*Coinníonn sóidiam i bhfeoil phróiseáilte/leigheasta cothromaíocht sreabhán; srl.*
***uisce*** *50-60%; athraíonn an cion uisce ag brath ar chion saille; hiodráitiú; srl.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a mbíonn feoil righin.
Déan cur síos ar **cheithre** mhodh le feoil a dhéanamh bog. (18 marc)

**2 chúis le righneas leagtha amach @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*aois; gníomhaíocht; gearradh na feola/cuid d'ainmhí; gan ligean don ainmhí scíth a ghlacadh sula maraítear é; am mícheart do chrochadh an chonablaigh; dálaí míchearta do chrochadh an chonablaigh; modh mícheart cócarála; srl.*

**Cur síos ar 4 mhodh le feoil a dhéanamh bog @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*Crochadh ceart/gníomh an aigéid lachtaigh; mionú; bualadh-casúr/sceana tollta feola; maranáidiú; leigheas/sáile; maothóirí feola; einsímí próitéalaíocha; modhanna malla, taise cócarála; srl.*

**(iii)** Déan cur síos ar an gcaoi a gcinntíonn Scéim Dearbhaithe Cáilíochta an Bhoird Bia caighdeán agus sábháilteacht feola. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

*cuireann sé in iúl don tomhaltóir go bhfuil cáilíocht an táirge dearbhaithe; gur táirgeadh é ar bhealach inbhuanaithe;*
*tugadh ardleibhéil cúraim agus aire d'ainmhithe; beathaithe rialáilte;*
*tá feirmeoirí inniúil i bhfreagrachtaí úinéirí tréada; coimeádtar taifid chruinne;*
*is féidir riar cógas/cóireálacha tréidliachta a rianú go hiomlán; tá cláir rialaithe lotnaidí i bhfeidhm i gclóis feirme; cigireachtaí Bord Bia; cigireachtaí ar ghléasraí próiseála feola; bia-ábhar éanlaith clóis – teaschóireáilte; comhairle a sholáthair do tionscal an bhia/airí rialtais; srl.*

**agus**

**4.(b)** Má tá áit chónaithe le ceannach agat, gach seans go mbeidh ort morgáiste a fháil.
(*www.citizensinformation.ie)*

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar na coinníollacha a theastaíonn chun go gceadófar morgáiste duit. (16 mharc)

**4 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

***teorainn iasachta*** *teorainn ioncaim iasachta – socraithe ag 3.5 oiread (a 4 oiread sin do cheannaitheoirí céaduaire) an ioncaim chomhláin; srl.*
***éarlais*** *Íosmhéid 10% ag teastáil ar áitribh a chosnaíonn suas le €220,000; tá teorainn morgáiste 90% i bhfeidhm ar phríomháit chónaithe ceannaitheoirí céaduaire; srl.*
***cuntas teiste maith ar choigilteas/chaiteachas*** *fianaise ar choigilt, go rialta; méid cuí; nósanna caiteachais réasúnta srl.*
***stair chreidmheasa*** *fianaise ar iasachtaí agus aisíocaíochtaí roimhe seo; aisíocaíocht rialta/gan aon íocaíochtaí caillte; seiceálacha maidir le drochfhiacha/mainneachtain ar iasachtaí; srl.*
***fostaíocht*** *caithfidh sé a bheith slán; leanúnach; fianaise; srl.*
***cruthúnas ioncaim*** *na 3 dhuillín pá dheireanacha a chur ar fáil; achoimre ar shonraí fostaíochta/P60 a chur ar fáil; deimhniú tuarastail sínithe ag an bhfostóir; srl.*
***téarma na hiasachta*** *aisíoctar í thar 20-40 bliain, téarma níos giorra d'iarratasóirí níos sine;*
***aois*** *ní mór don iarratasóir a bheith os cionn 18 mbliana d'aois; srl.*
***cruthúnas aitheantais;*** *pas bailí; ceadúnas tiomána bailí; doiciméad taistil rialtas na hÉireann; deimhniú ar chónaithe sealadach; cead cónaithe Éireannach; srl.*
***cruthúnas ar sheoladh****; ceann le déanaí/níos lú ná 6 mhí d'aois; bille fóntais reatha; árachas gluaisteáin/tí (is féidir é a bheith laistigh de na 12 mhí dheireanacha); cóip den deimhniú creidmheasa cánach; srl.*
***réadmhaoin*** *ní mór bail mhaith a bheith uirthi, suirbhé déanta ag luachálaí gníomhaireachta iasachta ar an teach; srl.*
*ní mór p**olasaí cosanta morgáiste** a bheith i bhfeidhm; srl.*
*ní mór **árachas tí** a bheith i bhfeidhm; srl.*
*ní mór **cuntas bainc Éireannach** a bheith ag ceannaitheoir tí; srl.*

**(ii)** Ainmnigh agus déan cur síos ar chineál **amháin** morgáiste atá ar fáil do cheannaitheoirí tí. (14 mharc)

**Ainm: 1 @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**
**cur síos: 3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**

***Morgáiste Blianachta/Aisíocaíochta:*** *úsáidtear gach aisíocaíocht go páirteach chun an t-ús ar an iasacht a íoc agus go páirteach chun an phríomhshuim a fuarthas ar iasacht a aisíoc; laghdaíonn an méid atá dlite thar na blianta; ar dtús toisc gur ús atá i gceist le cuid níos mó den íocaíocht mhíosúil; ní mór polasaí cosanta morgáiste a bhaint amach; féadfaidh rátaí úis a bheith athraitheach nó seasta nó comhcheangailte; srl.*
***Dearlaic:*** *meascán d'iasacht agus d'infheistíocht;*
*íoctar ús ar an iasacht agus ina theannta sin íoctar préimh ar pholasaí árachais saoil;*
*tá polasaí árachais saoil deartha chun an iasacht a íoc/a chlúdach nuair a bheidh sí aibí;*
*níl aon pholasaí breise cosanta morgáiste ag teastáil; srl.*
***Nasctha le pinsin****: íocann an t-iasachtaí ús ar an iasacht agus íocann sé/sí suim isteach i scéim pinsin; aisíoctar an iasacht ón gciste pinsin nuair a théann sé/sí ar scoir; tá polasaí cosanta morgáiste riachtanach; coitianta i measc daoine féinfhostaithe mar gheall ar fhaoiseamh cánach níos fearr; srl.*
***Morgáiste údaráis áitiúil/Iasacht Rogha Tí****: d'fhéadfadh an iasacht a bheith suas le 92% de phraghas an tí faoi réir uasmhéid €285,000; morgáiste blianachta le ráta úis athraitheach; ní mór duit a thaispeáint nach féidir leat iasacht a fháil in áit eile; tá tástáil acmhainne i gceist; úsáideann ceannaitheoirí céaduaire iad; srl.*

***Rianaire; cuntas reatha/morgáiste fritháirimh; morgáiste tosaithe iarchurtha/morgáiste ar ús amháin; morgáiste solúbtha; morgáiste féintógála; morgáiste glas; morgáiste aisairgid; srl.***

**nó**

**4.(c)** De réir mar a théann daoine in aois, d'fhéadfadh go ndéanfaidís níos lú cócarála dóibh féin agus go mbeidís i mbaol níos mó ó thaobh uireasa cothaithe de.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** threoirlíne maidir le pleanáil béilí ba chóir do sheanóir a leanúint chun iontógáil cothaitheach a mhéadú a oiread agus is féidir. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc (grádaithe 5:3:0)**

*a chinntiú go bhfuil béilí cothrom; bianna próitéine in-díleáite go héasca san áireamh a chur san áireamh - le haghaidh deisiúcháin;*
*torthaí/glasraí a chur san áireamh - vitimín C - don chóras imdhíonachta; cailciam - do shláinte na gcnámh;*
*olaí olóige/iasc olach - sláinte an chroí; foinsí iarainn - uibheacha/feoil dhearg - cosc ar anaemacht;*
*béilí a ithe go rialta; bianna atá furasta a ullmhú a roghnú; glasraí ullmhaithe a úsáid; bianna reoite a úsáid; tús áite a thabhairt do mhodhanna cócarála ar bheagán saille; costas/buiséad a chur san áireamh; gearrthacha feola níos saoire; bianna atá éasca a dhíleá; bianna spíosracha a ghearradh síos; srl.*

**(ii)** Déan measúnú ar ghalú mar mhodh cócaireachta do sheanóir.
Déan tagairt dóibh seo a leanas: (15 mharc)

- chomh héasca agus atá sé

**2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*beagán airde ag teastáil; trealamh teoranta ag teastáil;*
*níos lú seans ann go ndéanfar iad a róchócaráil i gcomparáid le modhanna eile;*
*is féidir an béile iomlán a chócaráil in aon aonad amháin;*
*oiriúnach do chodanna beaga singile bianna; srl.*

- tionchar ar luach cothaitheach an bhia

**1 @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*ní chuirtear aon saill bhreise leis;*
*ní chailltear mórán vitimíní grúpa B;*
*ní chailltear mórán vitimíní grúpa C; srl.*

- blastacht an bhia a chócaráiltear leis an modh seo

**2 phointe @ 3 mharc (grádaithe 3:2:0)**

*éiríonn an ceallalós i nglasraí bog;*
*d'fhéadfadh easpa blais a bheith ar bhianna galaithe;*
*fanann an bia tais;*
*coinnítear an dath;*
*d'fhéadfaí uigeachta a chailleadh má dhéantar é a róchócaráil; srl.*

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 280 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 280 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 210 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 20 |
| 214 - 216 | 19 |
| 217 - 220 | 18 |
| 221 - 223 | 17 |
| 224 - 226 | 16 |
| 227 - 230 | 15 |
| 231 - 233 | 14 |
| 234 - 236 | 13 |
| 237 - 240 | 12 |
| 241 - 243 | 11 |
| 244 - 246 | 10 |
| 247 - 250 | 9 |
| 251 - 253 | 8 |
| 254 - 256 | 7 |
| 257 - 260 | 6 |
| 261 - 263 | 5 |
| 264 - 266 | 4 |
| 267 - 270 | 3 |
| 271 - 273 | 2 |
| 274 - 276 | 1 |
| 277 - 280 | 0 |

# Ardteistiméireacht 2025

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta
# Obair Chúrsa sa Staidéar Bia
# Scéim Mharcála

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach **príomhfhrásaí** ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh*
- ***Níl** na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim* **uileghabhálach** *agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin**, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain***
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart sa chomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.* **Ní mór faisnéis a chur i láthair faoi na ceannteidil chuí**

**Tábla na nGrád**

| Grád | Bandaí na Marcanna |
|---|---|
| 1 | 144-160 |
| 2 | 128-143 |
| 3 | 112-127 |
| 4 | 96-111 |
| 5 | 80-95 |
| 6 | 64-79 |
| 7 | 48-63 |
| 8 | níos lú ná 47 |

## Nótaí Mínithe don mharcáil ar líne ar an Obair Chúrsa sa Staidéar Bia

Ba chóir na nótaí mínithe a chur in aice leis an bhfreagra ceart /ceart i bpáirt.
Maidir le cás **Fiosrúcháin** agus **Modh Oibre,** cuir an seicheamh de nótaí mínithe **i líne ag deireadh** na roinne sin d'obair iarrthóirí. Féadfaidh dathanna na nótaí mínithe a bheith éagsúil.

| Nóta Mínithe | Míniú |
|---|---|
| | **Nóta** Bain úsáid as meascán de nótaí mínithe de réir mar is cuí chun **Fiosrúchán agus Modh Oibre** a mharcáil.<br>E.g. do mharc Fiosrúcháin de $^{24}/_{24}$ úsáid ✓10 ✓10 ✓4 |
| 0 | **Náid** bronnta |
| ✓1 | Marc **amháin** bronnta |
| ✓2 | **Dhá** mharc bronnta |
| ✓3 | **Trí** mharc bronnta |
| ✓4 | **Ceithre** mharc bronnta |
| ✓5 | **Cúig** mharc bronnta |
| ✓6 | **Sé** mharc bronnta |
| ✓7 | **Seacht** marc bronnta |
| ✓8 | **Ocht** marc bronnta |
| ✓9 | **Naoi** marc bronnta |
| ✓10 | **Deich** marc bronnta |
| EE | Bain úsáid as lena thaispeáint go bhfuil an leathanach **feicthe** |
| NR<br>SC | **Níor cuireadh an cás i bhfeidhm**<br><br>**Cás i bhfeidhm**, cuireann an nóta mínithe seo dealú 8 marc (-8 marc) i bhfeidhm<br>**Níor chomhlíon an mhias roghnaithe go hiomlán** na riachtanais (féach an leathanach deiridh de na nótaí marcála)<br>Ná cuir i bhfeidhm ach i ndiaidh dul i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Comhairleach<br>Cuir SC agus nóta mínithe i bhfeidhm ag **deireadh an leathanaigh mheasúnachta** |
|  | Leathanach Glan |
| F | Pointe sa bhreis ar bronnadh lánmharcanna air |
| P | Pointe sa bhreis ar bronnadh leathmharcanna air |
| < | Pointe/obair nach ndearnadh aon iarracht air |

## Critéir Ghinearálta Mharcála ar an Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

| **Fiosrúchán** | **32 marc** |
|---|---|

**Fiosrúchán** **(24 marc)**

**Banda A 19 - 24 marc** (an-mhaith - ar fheabhas)
- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht chríochnúil** agus **anailís chuimsitheach** ar na saincheisteanna **go léir** agus ar na tosca a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc
- atá **cruinn**, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí a dhéanamh nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.

**Banda B 13 - 18 marc** (an-ábalta - go maith)
- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** agus roinnt **anailíse** ar na saincheisteanna agus ar na tosca a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc
- atá **cruinn**, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí a dhéanamh nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.

**Banda C 7 - 12 mharc** (bunúsach - ábalta)
- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** ar na saincheisteanna agus ar na tosca a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc
- atá **réasúnta cruinn**, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna a dhéanamh nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.

**Banda D 0 - 6 mharc** (an-bhunúsach - teoranta)
**Fiosrúchán**
- ina bhfuil fianaise ar **thuiscint an-bhunúsach theoranta** ar phríomhriachtanais an taisc
- ina bhfuil cuid den eolas nó iomlán an eolais **éiginnte agus gan ach cuid de cruinn**, easpa comhleanúnachais sa chur i láthair
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna a dhéanamh nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.

**Gach Tasc:** biachlár do lá áirithe/dhá bhéile 2 chúrsa/1 mhias/2 mhias/2 tháirge. **(4 mharc)**

**Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear** -1/-2/-4 mharc san Fhiosrúchán. (biachlár: cúrsa tosaigh/milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc). Béilí/miasa/táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar thosca a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán.
**Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe** glac le 3 cinn as 4 phríomhghrúpa bia

**Foinsí: 2 fhoinse @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)** **(4 mharc)**

## Feidhmiú Praiticiúil

| **Ullmhúchán agus Pleanáil** | **8 marc** |
|---|---|

**Acmhainní:**
- cainníochtaí (2 mharc), comhábhair (2 mharc), costáil (2 mharc), trealamh (2 mharc)
- Réimse Cleachtais AOP E táirge/táirgí (2 mharc), trealamh (6 mharc)

| **Cur i bhFeidhm** | **28 marc** |
|---|---|

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta, teocht, (glac le fiuchadh/suanbhruith anseo) riar/cur i láthair, blaiseadh/measúnú. **(16 mharc)**
(Ba choir go mbeadh an t-eolas/an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin)
**Banda A 13 - 16 mharc** (an-mhaith - ar fheabhas)
Aithnítear **gach céim riachtanach** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.
**Banda B 9 - 12 mharc** (an-ábalta - go maith)
Aithnítear **formhór na gcéimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.
**Banda C 5 - 8 marc** (bunúsach - ábalta)
Aithnítear **roinnt céimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.
**Banda D 1 - 4 mharc** (an-bhunúsach - teoranta)
Ní aithnítear **aon cheann de na céimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach **beagán díobh**, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.

- **Na príomhthosca a cuireadh san áireamh 2 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0) (8marc)**
  (caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil áirithe) **Aithint** (2 mharc) agus **míniú soiléir ar thábhacht** (2 mharc) **dhá thoisc** a cuireadh san áireamh a raibh baint **chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias**.
- **Sábháilteacht/sláinteachas 2 phointe @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0) (4 mharc)**

(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid/leis an mias atá á cócaráil)
**Aithint** (1 mharc) agus míniú (1 mharc) ar phríomh-shaincheist sábháilteachta **amháin agus** an phríomh-shaincheist **amháin** a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil/an tástáil á déanamh.

| **Measúnacht** | **3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:3:2:0)** | **12 marc** |
|---|---|---|

Measúnú a dhéanamh ar an tasc de réir na dtéarmaí seo a leanas:
**Cur i bhfeidhm**
**Banda A - 4 mharc** aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí/dúshláin shainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.
**Banda B - 3 mharc** aithníodh láidreachtaí/dúshláin shainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.
**Banda C - 2 mharc** rinneadh iarracht éigin láidreachtaí/dúshláin a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil.
**Sainriachtanais** an taisc
**Banda A - 4 mharc** tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc.
**Banda B - 3 mharc** tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc.
**Banda C - 2 mharc** - déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc.

## Réimse Cleachtais A: Prionsabail an Chothaithe a Chur i bhFeidhm

**Tasc 1**

*Mic léinn tríú leibhéal a dhéanann béilí cothaitheacha ar phraghas réasúnta a phleanáil agus a chócaráil, f orbraíonn siad a gcuid scileanna le maireachtáil go neamhspleách.*

Déan taighde agus tabhair mionchuntas ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na treoirlínte le béile a p hleanáil is cóir a chur san áireamh nuair atá béilí ar chostas íseal á bpleanáil do mhic léinn tríú leibhéal.

Agus na tosca atá aitheanta i do thaighde á gcur san áireamh agat, mol raon de bhiachláir dhá chúrsa a bh eadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae don ghrúpa daoine seo.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na príomhchúrsaí ó do chuid taighde.

Déan an tasc a mheas i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shonracha an taisc. 2025

**Príomhriachtanais** an taisc:

- riachtanais chothaithe/chothaitheach nuair a bhíonn **béilí ar bheagán costais á bpleanáil do mhic léinn tríú leibhéal.**
- **treoirlínte ábhartha i gcomhair** pleanáil **béilí ar bheagán costais** le sainthagairt do **mhic léinn tríú leibhéal**
  - réimse biachlár (dhá chúrsa)

**Fiosrúchán**

**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha:** cothromaíocht chothaitheach; treoirlínte reatha cothaitheacha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam mar is cuí do mhic léinn tríú leibhéal; iontógáil liúntas laethúil / tagartha a mholtar; idirghaol mianraí agus vitimíní, m.sh. Vitimín C/ionsú iarainn; Vitimín D/ionsú cailciam; iontógáil snáithín a mhéadú; bianna le carbaihiodráite íseal GI a eisíonn fuinneamh go mall; iontógáil de Vitimín A; iontógáil grúpa Vitimín B a mhéadú i gcomhair fuinneamh a scaoileadh agus meitibileacht; iontógáil Aigéid Shailleacha Óimige 3 a mhéadú; éagsúlachtaí in iontógáil fuinnimh; iontógáil fuinnimh taobh le leibhéil ghníomhaíochta; srl.

**Treoirlínte pleanála do bhéilí:** úsáid phirimide bia le cothromaíocht a chinntiú; cuir éagsúlachtaí bianna san áireamh; rudaí a thaitníonn/nach dtaitníonn go pearsanta; riachtanais speisialta mhionathraithe sa réim bia; ailléirgí; roghnaigh comhábhair ardcháilíochta; bianna ina bhfuil a lán snáithín; seachain bianna/sneaiceanna ina bhfuil a lán salainn, saille sáithithe, tras-saille agus siúcra; roghnaigh bianna treisithe; bain feidhm as bianna atá i séasúr; déan béilí a phleanáil roimh ré; déan liosta siopadóireachta; déan siopadóireacht uair amháin sa tseachtain; roinn amach ullmhúchán bia agus cócaireacht le comrádaithe tí; ullmhúchán agus amanna cócaireachta; costais cócaireachta; scileanna agus áiseanna atá ar fáil; baisc-chócaráil; seachain cur amú bia; úsáid fuílleach; scrúdaigh lipéid bia; bain úsáid as tairiscintí speisialta; ceannaigh tairiscintí béile bianna féinbhranda; ceannaigh bianna somheata i méideanna inúsáidte; seiceáil dátaí deiridh bianna; seachain bianna réamh-ullmhaithe a roghnú; roghnaigh torthaí agus glasraí reoite seachas cinn úra go mormhór mura mbíonn siad i séasúr; úsáid roghanna eile seachas feoil; ceannaigh gearrthacha feola ar phraghas réasúnta; déan miasa níos mó le lintilí; srl. ith gach béile; cuir amanna béilí agus sneaiceanna san áireamh sa tráthchlár staidéir; ith bricfeasta sláintiúil cothaitheach; tóg isteach bosca lóin ullmhaithe agus sneaiceanna chuig an gcoláiste; bíodh iontógáil leachtanna cheart agat; roghnaigh uisce; seachain an iomarca caiféine / siúcra / deochanna fuinnimh / a ól; bíodh torthaí, glasraí agat ag gach béile; bíodh foinsí cailciam agus iarainn agat ag gach béile; srl.

**Miasa roghnaithe:** réimse biachlár dhá chúrsa **2 bhiachlár x 2 mharc (aon mharc do gach cúrsa) (grádaithe. 4:3:2:1:0)**

**Measúnacht (a)** cur i bhfeidhm agus **(b)** sainriachtanais an taisc

Anailís ar thorthaí an taighde i ndáil le riachtanais chothaitheacha do mhic léinn tríú leibhéal. Treoirlínte do phleanáil béilí, réimse bianna/miasa atá oiriúnach nuair a bhíonn béilí ar bheagán costais á bpleanáil do mhic léinn tríú leibhéal; conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán; srl.

**Tasc 2**

| |
|---|
| *'Tá snáithín ríthábhachtach mar chothaitheach don tsláinte ach is minic a dhearmadtar é.'* (Paula Mee, Irish Times)<br>Agus tagairt á déanamh agat don ráiteas thuas, déan cur síos ar na buntáistí sláinte a bhaineann le snáithín a bheith sa réim bia laethúil.<br>Déan taighde agus tabhair mionchuntas ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na tosca is cóir a chur san áireamh nuair atá béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do dhuine atá ag iarraidh níos mó snáithín a thógáil.<br>Agus na tosca atá aitheanta i do thaighde á gcur san áireamh agat, mol raon de bhiachláir dhá chúrsa a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae don ghrúpa daoine seo.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na príomhchúrsaí ó do chuid taighde.<br>Déan an tasc a mheas i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shonracha an taisc. 2025 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- déan cur síos ar **na buntáistí don tsláinte** a bhaineann le snáithín a ithe sa bhiachlár laethúil
- **riachtanais chothaitheacha** duine atá ag iarraidh **a (h)iontógáil snáithín a mhéadú.**
- **tosca le cur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú** do dhuine atá ag iarraidh **a (h)iontógáil snáithín a mhéadú.**
  - réimse biachláir (dhá chúrsa)

**Fiosrúchán**

**Buntáistí Sláinte:** folmhú na bputóg go rialta; laghdaítear iatacht; laghdaítear haemaróidí; laghdaítear galar díbhéartaclóise; íslítear riosca den ailse cholaireicteach agus den ailse chíche; íslítear leibhéil cholaistéaróil LDL; íslítear riosca den ghalar croí; íslítear riosca den diaibéiteas chineál 2; smachtaítear leibhéil den siúcra fola; cabhraítear le cailliúint meáchain; soláthraítear fuinneamh do bhaictéir phróibhitheacha sa stéig mhór; feabhsaítear an córas imdhíonachta; laghdaítear athlasadh sa phutóg; díthocsainítear an corp go nádúrtha; srl.

**Riachtanais Chothaitheacha:** cothromaíocht chothaitheach; treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil chothaitheach agus bia; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam mar is cuí do dhaoine a dteastaíonn uathu a n-iontógáil snáithín a mhéadú; iontógáil iarainn, cailciam, sinc, maignéisiam, fosfarach agus vitimíní de réir mar is cuí; idirghaol idir mianraí agus vitimíní; e.g. ionsú iarainn/Vitimín C; ionsú cailciam/Vitimín D; méadaigh iontógáil cailciam agus iarainn le gníomhú in aghaidh thionchar an aigéid fhítigh ar rátaí ionsúcháin; srl.

**Tosca le cur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú:** úsáid a bhaint as pirimid bia le cothromaíocht a chinntiú; cothromaigh iontógáil bia le gníomhaíocht choirp; méadaigh iontógáil snáithín go mall; scrúdaigh lipéid bianna; roghnaigh gránaigh bhricfeasta shlángráinneacha; pasta slángráinneach, cruithneacht bulgair, rís rua, humas; srl. cuir torthaí, cnónna, síolta, bran cruithneachta leis na gránaigh bhricfeasta/iógairt/sailéid/arán srl.; cuir gránaigh shlánghráinneacha agus piseánaigh le hanraithí, stobhaidh, curaithe srl. ith torthaí agus glasraí lena gcraicne; cuir torthaí agus glasraí le caoineoga; déan sneaiceanna as cnónna, síolta; srl. cuir bran coirce le haráin, mionbhruair, srl. méadaigh iontógáil pónairí agus lintilí; úsáid plúr caiscín seachas plúr bán; roghnaigh brioscaí, craicir agus táirgí bácáilte a dhéantar as plúr lánchruithneachta / plúr caiscín; ól go leor uisce; seachain táirgí gránaigh mínphróiseáilte; seachain torthaí agus glasraí stánaithe; seachain súnna torthaí saor ón laíon; srl.

**Miasa roghnaithe:** réimse biachlár dhá chúrsa **2 bhiachlár x 2 mharc (aon mharc do gach cúrsa) (grádaithe. 4:3:2:1:0)**

**Measúnacht (a)** cur i bhfeidhm agus **(b)** sainriachtanais an taisc
Anailís ar thorthaí ón taighde i ndáil le riachtanais chothaitheacha an duine atá ag iarraidh iontógáil snáithín a mhéadú. Treoirlínte do phleanáil béilí, réimse bianna/mias atá oiriúnach nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhuine atá ag iarraidh iontógáil snáithín a mhéadú; conas mar a comhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán; srl.

**Tasc 3**

*'Dúshlánach is mar atá sí, is mias sách simplí í an chúróg (soufflé) atá in ann dul i bhfeidhm go mór ar dhaoine mar chuid de an-chuid béilí éagsúla.'* (Martha Stewart)
Déan cur síos mion ar chúróg. Luaigh raon de mhiasa cúróige, idir chinn mhilse agus neamh-mhilse.
Pléigh na príomhphointí is cóir a leanúint lena chinntiú go n-éireoidh leat nuair atá cúróga á n-ullmhú agus á gcócaráil agat.
Mínigh na bunphrionsabail a bhaineann le cúróg chócaráilte a dhéanamh.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na miasa ó do chuid taighde.
Déan an tasc a mheas i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis an gcaoi ar éirigh leat uigeacht éadrom aeraithe a bhaint amach. 2025

**Príomhriachtanais an taisc:**

- cur síos mionsonraithe ar chúróg
- raon de mhiasa cúróige atá **milis agus neamh-mhilis**
- na príomhphointí is cóir a chur san áireamh le **toradh maith a chinntiú** nuair a dhéantar cúróga a ullmhú agus a chócaráil
- **na bunphrionsabail** atá i gceist nuair a dhéantar cúróg **chócaráilte**
- ➢ **mias** roghnaithe

**Fiosrúchán**

**Cur síos ar chúróg:** mias éadrom, ubh-bhunaithe aeraithe a bhaint amach. Féadaidh sí a bheith milis/neamh-mhilis/cócaráilte/neamhchócaráilte, a riartar te/fuar: bia éadrom le bonn blasta a bhféadfadh buíocán uibhe a bheith ann ach a bhfuil gealacáin uibhe bhuailte fillte isteach ann; baintear amach airde na cúróige nuair a fhilltear gealacáin uibhe atá buailte go righin isteach sa bhonn, a mhéadaíonn ansin le linn na cócarála, agus an meascán á bhrú in airde; srl.

**Réimse de mhiasa cúróige milse agus neamh-mhilse:** seacláid; caifé; caramal; fanaile; oráiste; sú craobh; liomóid; péitseog; páiseog; banana; líoma; cáis; spionáiste; gliomach; bradán; liamhás; sicín; muisiriún; cóilis; cairéad; práta milis; srl.

**Príomhphointí is cóir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éiríonn leis na cúróga agus iad á n-ullmhú agus á gcócaráil;** úsáid uibheacha ag teocht an tseomra; is cóir go mbeadh an trealamh ar fad glan agus tirim; déan gealacáin uibhe a bhualadh i mbabhla miotail; déan gealacáin uibhe a bhualadh díreach sula gcuirtear isteach iad sa mheascán don bhonn; má bhíonn cúróg mhilis á déanamh, cuir siúcra isteach de réir a chéile sna gealacáin uibhe bhuailte; níl ach blas maol sna gealacáin uibhe, dá bhrí sin caithfidh an meascán an bhoinn a bheith an-bhlaistithe; fuaraigh an meascán an bhoinn sula gcuirtear isteach gealacáin; fill na gealacáin uibhe go bog isteach i meascán an bhoinn agus spadal nó spúnóg mhór miotail in úsáid; seachain an iomarca fillte a dhéanamh leis na gealacáin uibhe buailte; bí cinnte go bhfuil an cháilíocht cheart i meascán an bhoinn sula bhfilltear isteach na gealacáin bhuailte; má dhéantar cúróg seacláide d'fhéadfadh an tsaill /na gealacáin uibhe bhuailte a dhíbhoilsciú; smear raimicíní go héadrom sula gcuirtear isteach an meascán cúróige; glan an meascán ón imeall sula ndéantar í a bhácáil; úsáid banda dúbailte de pháipéar gréiscdhíonach timpeall ar bharr na méise; déan an t-oigheann a réamhthéamh go 180°C - 200°C agus bácáil ar sheilf íseal í; má bhíonn an t-oigheann róthe beidh an chúróg chócaráilte ar an taobh amuigh agus beidh sí amh laistigh; má bhíonn an teocht ró-íseal ní ardóidh an chúróg; cuir an chúróg isteach go híseal san oigheann ionas go méadóidh sí; ná hoscail doras an oighinn le linn na bácála; dáil amach cúróga teo láithreach bonn a luaithe agus a thógtar amach iad; srl.

**Na bunphrionsabail a bhaineann le cúróg chócaráilte a dhéanamh:** an geilitíniú: atann gráinní stáirse, pléascann siad agus ionsúnn siad leacht nuair a dhéantar iad a théamh; an chéad **geilitíniú** agus **geilitíniú iomlán,** anlann bán a nascann (panard) leis agus im leáite, plúr curtha isteach agus cócaráilte, bainne buailte isteach de réir a chéile lasmuigh den teas, curtha ar an teas íseal arís, é curtha ar fiuchadh, ansin curtha ar suanbhruith nó go n-éiríonn an t-anlann tiubh; ligtear don anlann éirí beagán

fuar; cuirtear buíocáin isteach ar mhaithe le doimhneacht agus píosaí feola/éisc/glasraí/cáise (neamh-mhilis) torthaí/caife/seacláide (milis) curtha isteach; buailtear gealacáin go righin; osclaíonn slabhraí próitéine ubh-albaimin, tógann siad cruth bolgán, sáinníonn siad aer, ansin filltear iad isteach i mbonn fuaraithe chun iad a **aerú**. Braitheann an t-ardú ar an aer seo a bheith sáinnithe agus méadaithe nuair a théitear é; is éard is cúis leis an méadú a dhéanann an chúróg ná aer sáinnithe/cúr atá ag méadú ná é a bhácáil in oigheann réamh-théite; **téachtann** gealacáin uibhe 60$^{o}$C agus buíocáin uibhe 68$^{o}$C agus **téachtann** siad an chúróg; Is féidir é a chócaráil i miasa móra cúróige nó i miasa cúróige aonair, bácáilte (teas tirim) nó galaithe (bain-marie) in oigheann réamh-théite; srl.

**Glac le** bonn de chineál eile le haghaidh cúróg cócaráilte le bunphrionsabail ábhartha a bhaineann leo.
**Miasa roghnaithe:** cúróg chócaráilte mhilis nó neamh-mhilis **1 mhias @ 4 marc (grádaithe 4:2:0)**
**Measúnacht (a)** cur i bhfeidhm agus **(b)** toradh maith a bhaint amach le huigeacht éadrom aeraithe.

## Réimse Cleachtais: Teicneolaíocht an Bhia

**Tasc 4**

*'Féachtar ar an mbácáil bhaile anois mar ghníomhaíocht thaitneamhach a mbíonn an teaghlach go léir páirteach inti.' (Bord Bia)*
Déan taighde (i) ar na cúiseanna a bhfuil tóir ar an mbácáil bhaile agus (ii) ar mhuifíní agus cístíní cupa atá ar fáil ar bhonn tráchtála.
Luaigh muifíní agus cístíní cupa éagsúla is féidir a ullmhú agus a bhácáil sa bhaile.
Déan iniúchadh ar mhodh amháin chun muifíní nó cístíní cupa a dhéanamh. Mínigh na bunphrionsabail a bhaineann leis an modh a ndearnadh iniúchadh air.
Déan cur síos ar an bpacáistíocht agus ar na lipéid a mholfá chun an táirge bácáilte a roghnaigh tú a stó ráil agus chun caighdeán an táirge sin a choinneáil.
Ullmhaigh, bácáil agus riar do mhuifíní nó cístíní cupa roghnaithe ag baint úsáid as an modh a ndearna tú iniúchadh air.
Déan an tasc a mheas i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm, **(b)** le praiticiúlacht na bácála baile agus **(c)** le costas an táirge a bhácáiltear sa bhaile i gcomparáid le cineál tráchtála atá cosúil leis. 2025

**Príomhriachtanais an taisc:**

- **cúiseanna a bhfuil móréilimh** ar bhácáil bhaile
- muifíní agus cístíní cupa ar fáil ar bhonn tráchtála
- ainmnigh **muifíní agus cístíní cupa** éagsúla a d'fhéadfaí a ullmhú agus **a bhácáil sa bhaile**
- fiosraigh **modh amháin** le muifíní nó cístíní cupa a dhéanamh agus a **bhunphrionsabail** á míniú agat.
- **pacáistiú agus lipéadú** a mholfá chun do tháirge bácáilte a roghnaigh tú a stóráil.
- ➢ **muifín** nó **cístín cupa** roghnaithe

**Fiosrúchán**

**Cúiseanna a bhfuil móréilimh ar bhácáil bhaile:** níos saoire; níos mó am saor; cláir theilifíse, cócairí mór le rá; méadú ar theagasc ar line; laghdaítear strus; spreagtar cruthaitheacht/féinléiriú; cineál aireachais; sásúil; cruthaítear naisc teaghlaigh; méadaítear táirgeoirí ceardaí; úsáideach i gcomhair réimeanna bia ar leith / réimeannna bia teoranta; níos sláintiúla, níos lú breiseán; srl.

**Muifíní agus cístíní cupa ar fáil ar bhonn tráchtála:** brandáilte, féinbhranda, ceardaí; blasanna; oiriúnacht le haghaidh réimeanna bia difriúla; costas; srl.

**Muifíní agus Cístíní difriúla ullmhaithe agus bácáilte sa bhaile:**
**Muifíní:** seacláid/ sceall seacláide; fanaile; sú craobh agus seacláid bhan; srl.
**Cístíní Cupa:** seacláid; oráiste seacláide; fanaile; bogha báistí; caramal saillte; sú talún; srl.

**Modhanna difriúla chun muifíní agus cístíní cupa a dhéanamh lena n-áirítear na bunphrionsabail:**
**Modh Buailte:** déantar an t-im agus an siúcra a bhualadh le chéile de láimh/ le meascthóir leictreach go dtí go n-éiríonn sé séidte, bán, siúcra tuaslagtha agus méadaíonn toirt an mheascáin; gearrann criostail siúcra isteach sa saill, bolgáin bheaga bhídeacha aeir déanta agus sáinnithe i saill timpeall ar gach gráinnín siúcra; uibheacha ag teocht an tseomra curtha isteach ag luas mall chun téachtú a chosc / chun eibleacht a choinneáil seasmhach; plúr criathraithe a fhilleadh isteach go bog; **teas ón oigheann réamh-théite** is cúis le méadú an **aeir/$CO_2$** a ardaíonn an meascán; teas ón oigheann réamh-théite a théachtann an glútan/meascán; srl.

**Modh Muifíní:** measctar leachtanna (ola, im leáite, bainne, iógart, uibheacha, srl. ) agus comhábhair thirime leo féin; cuirtear siúcra sna comhábhair fhliucha ar mhaithe le dáileadh níos fear; cuirtear an meascán fliuch leis an meascán tirim (agus oibreán ardaithe san áireamh) agus filltear le chéile iad go mbeidh siad díreach measctha le chéile, níl an fuidreamh saor ó chnapáin; níl glútan sa phlúr forbartha; má dhéantar an iomarca measctha, ní ardóidh na muifíní go héasca sna céimeanna tosaigh den bhácáil agus éireoidh siad greamaitheach; bácáil ar an toirt; **teas ón oigheann réamh-théite** is cúis le méadú an **aeir/$CO_2$** a ardaíonn an meascán; teas ón oigheann a théachtann an meascán; srl.

**Modh an leáite:** comhábhair (im, siúcra, síoróip órga, triacla) leáite le chéile ag baint úsáid as teas bog; meascán fuaraithe agus curtha le comhábhair thirime chriathraithe (plúr, oibreán ardaithe); buailte le chéile le hubh go mbeidh sé measctha go maith, ag cur comhsheasmhacht dlúth ar fáil; nuair a fhliuchtar sóid aráin/púdar bácála, táirgtear $CO_2$; **teas ón oigheann réamh-théite** is cúis le méadú an **aeir/$CO_2$** a ardaíonn an meascán; teas ón oigheann a théachtann an glútan/ meascán; srl.
**Pacáistiú oiriúnach chun a cháilíocht a choinneáil:** coimeádáin phlaistigh aerdhíonacha; boscaí páipéir; scannán cumhdaithe; scragall stáin; coimeádáin stáin; boscaí stáin; srl.
**Lipéadú:** ainm; comhábhair; dáta bácála; srl.
**Miasa roghnaithe: an mhias a roghnaíodh ón taighde 1 mhias @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0)**
**Measúnacht: (a)** Cur i bhfeidhm **(b)** cé chomh praiticiúil agus atá an bhácáil bhaile ceisteanna acmhainní i.e. am: scileanna: trealamh; pacáistiú; spás stórála, srl. **(c)** costas an táirge bhácáilte bhaile i gcomparáid le ceann cosúil leis ar bhonn tráchtála.

**Réimse Cleachtais E: Anailís chomparáideach lena n-áirítear Anailís Chéadfach**

**Tasc 5**

| |
|---|
| *'Is bealach tapa agus éasca iad súnna le sciar amháin torthaí agus glasraí a thógáil as na 5-7 sciar de ghlasraí agus torthaí a deirtear atá ag teastáil gach lá.' (Éire Shláintiúil)*<br>Déan taighde ar raon na súnna torthaí agus glasraí atá ar fáil le ceannach. Déan tagairt do bhrandaí , blasanna, pacáistíocht agus costas.<br>Agus úsáid á baint agat as dhá bhranda éagsúla de shú torthaí nó glasraí (ceann amháin le bheith i na fhéinbhranda) a bhfuil an blas céanna agus an uigeacht chéanna ag baint leo araon, déan tástáil triantáin chun a fháil amach an féidir le tástálaithe idirdhealú a dhéanamh idir an sú brandáilte ag us an sú féinbhranda.<br>Cuir na torthaí a fuarthas ón tástáil i láthair.<br>Déan an tasc a mheas i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na torthaí a fuarthas. 2025 |

- **Príomhriachtanais an taisc:**
- Taighde ar an raon de **shúnna torthaí agus glasraí** atá ar fáil le ceannach agus tagairt á déanamh do **bhrandaí, blasanna, pacáistiú agus costas**
- **Tástáil triantáin**
- **Coinníollacha atá le rialú** le linn na tástála
- ➢ Táirgí roghnaithe; **2 bhranda éagsúla** de shú torthaí nó sú glasraí, ceann le bheith ina **fhéinbhranda,** an dá cheann leis an mblas céanna agus an uigeacht chéanna.

**Fiosrúchán (24 marc)**

Taighde/fiosrúchán ar tháirgí atá oiriúnach don tástáil .i. fiosraigh raon de shúnna torthaí agus glasraí ag tagairt do bhrandaí, blasanna, pacáistiú agus costas.

**Tástáil Triantáin**

**Cur síos:** tugtar trí shampla códaithe de shú torthaí nó sú glasraí don tástálaí (dhá shampla mar an gcéanna, ceann amháin difriúil); iarrtar ar an tástálaí a rá cén sampla atá difriúil.
**Aidhm na tástála:** a fháil amach an bhfuil difríocht le brath idir sú torthaí/glasraí brandáilte agus sú torthaí/glasraí féinbhranda leis an mblas céanna agus uigeacht chéanna; srl.
**Torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann:** b'fhéidir nach mbeidh tástálaithe in ann an difríocht a bhrath idir sú torthaí/glasraí brandáilte agus sú torthaí/glasraí féinbhranda leis an mblas céanna agus uigeacht chéanna; srl.
**Na coinníollacha atá le rialú i rith na tástála a shainaithint**
Coinníollacha sonracha don tasc mar shampla méid, cruth agus dath na gcoimeádán in úsáid don tástáil; teocht na samplaí; cainníochtaí den chineál céanna de gach sampla; códú na samplaí; cur i láthair cothromaithe; am na tástála; an áit a ndéantar an tástáil; sláinteachas; cúrsaí cothaithe; srl.

**Táirgí roghnaithe (4 mharc)**

Sú brandáilte (1 mharc), sú féinbhranda (1 mharc), sú leis an mblas céanna (1 mharc), sú leis an uigeacht chéanna (1mharc)

**Foinsí: 2 @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0) (4 mharc)**

**Ullmhúchán agus Pleanáil (8 marc)**

- **Acmhainní 2 mharc (grádaithe 2:1:0)**
- **Príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh 6 mharc (grádaithe 6:5:4:3:2:1:0)**

**Tástáil Triantáin:** 6 thráidire; 6 ghloine uisce; 18 gcoimeádán códaithe le haghaidh samplaí súnna; 9 sampla de shú A; 9 sampla de shú B; 6 scórchárta; 1 bhileog tuairisce; pinn; srl.

**Modh oibre** **(16 mharc)**
**Modh oibre a leanadh agus an ghné seo den tasc á déanamh**
**Ba chóir an tsraith iomlán den mhodh oibre a thabhairt agus ba chóir na torthaí a chur i láthair don tástáil .i. Tástáil Triantáin (dhá tháirge, sú amháin brandáilte, sú amháin féinbhranda)**
Códaigh 18 gcoimeádán; 6 choimeádán le siombail ■, 6 choimeádán le siombail ●, 6 choimeádán le siombail ▲; cuir samplaí de shúnna i ngach coimeádán; eagraigh 6 thráidire uimhrithe 1-6; tá coimeádán amháin ar gach tráidire lipéadaithe le siombail ■, tá coimeádán amháin le siombail ●, agus tá coimeádán amháin le siombail ▲; **ní mór cur i láthair cothromaithe in ord a bheith ann .i. ní mór gach meascán de shamplaí a d'fhéadfadh a bheith ann a chur i láthair,** tugtar gach sampla de shú an méid céanna amanna .i. 9 n-uaire, samplaí curtha i láthair in ord randamach agus ní fhaigheann aon tástálaí samplaí curtha i láthair sa tsraith chéanna; fanann na cóid ar gach tráidire mar an gcéanna, athraíonn an táirge sa choimeádán gach uair; leanann tástálaithe treoracha ar scórchárta; ciorclaigh ar an scórchárta cé acu ceann de na trí shampla atá difriúil (dá shampla mar an gcéanna, ceann amháin díobh difriúil); is féidir samplaí a bhlaiseadh arís; bailíonn an taifeadóir na scórchártaí agus aistríonn sé/sí na torthaí don bhileog taifeadta ullmhaithe; agus na torthaí á scríobh síos cuirtear ciorcal timpeall ar an litir a fhreagraíonn don tsiombail roghnaithe ar gach scórchárta agus cuirtear tic sa cholún cuí; déantar na freagraí cearta a chomhaireamh; taispeántar na cóid agus cuirtear na torthaí i láthair; is féidir torthaí a chur i láthair ar bharrachairt nó ar phíchairt; cuir slacht ar an áit; nigh na gréithe; déan measúnú ar na torthaí; srl.
**Na príomhthosca chun toradh na tástála a chinntiú 2 cheann @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0) (8 marc)**
Príomhthosca is féidir a chur san áireamh chun toradh a chinntiú sa tasc seo; coinníollacha a bhí á rialú le linn na tástála; códú; teocht na samplaí; roghanna súnna torthaí/glasraí in úsáid; céannacht na samplaí don tástáil; dóthain samplaí; gloine uisce/ craicear tirim ann chun blas úr a fhágáil sa bhéal; tábhacht an chiúnais le linn na tástála; bíodh seisear tástálaithe ann lena chinntiú go bhfuil gach meascán de samplaí a d'fhéadfaí a úsáid a bheith ann; samplaí curtha i láthair go randamach ionas nach bhfaigheann aon tástálaí samplaí sa tsraith chéanna; cur i láthair cothromaithe; sampla de gach sú déanta an líon céanna amanna; cóid ar gach tráidire mar an gcéanna; níor chóir go dtarlódh aon chlaonadh i measc na dtástálaithe de bharr na gcód a úsáidtear; níor chóir go mbeadh na daoine a dhéanann an tástáil bainteach leis an gcódú agus le samplaí a eagrú ná le torthaí a chur i dtoll a chéile; leanann tástálaithe treoracha ón scórchárta agus an tástáil ar siúl; srl.

**Sábháilteacht agus sláinteachas 1 sláinteachas @ 2 mharc (grádaithe 2:1:0) 1 sláinteachas**: **@ 2 mharc (grádaithe 2:1:0)** **(4 mharc)**
**Sábháilteacht:** tástálaithe a bhfuil ailléirgí acu; tástálaithe a bhfuil réimeanna bia ar leith acu m.sh. diaibéiteas srl.; súnna le breiseáin/uimhreacha E; srl.
**Sláinteachas:** dea-chleachtas maidir leis an ionad ullmhúcháin agus leis an ionad tástála; láimhseáil samplaí, lámhainní plaisteacha/gloiní aon uaire in úsáid; srl. seiceáil an dáta ar shúnna le baol an bhia-nimhiú a sheachaint; stóráil súnna; srl.

**Measúnacht (3 phointe @ 4 mharc (grádaithe 4:3:2:0)** **(12 marc)**
**Cur i bhFeidhm**
Déan measúnú ar chur i bhfeidhm na tástála agus tagairt á déanamh do phríomhthosca leis an toradh a chinntiú; cúrsaí sábháilteachta agus sláinteachais san áireamh; déan measúnú ar éifeachtúlacht na sraithe oibre; fadhbanna a tharla agus na réitigh a moladh; srl.
**Sainriachtanais an taisc**
Ba chóir measúnú a dhéanamh ar na torthaí a bhfuarthas don Tástáil Triantáin agus roinnt conclúidí a bhaint astu. Ba chóir anailís a dhéanamh ar na tosca a d'fhéadfadh cur leis na torthaí tástála a bhfuarthas i.e. an chúis arbh fhéidir / nárbh fhéidir le tástálaithe an difríocht a aimsiú idir an sú brandáilte agus an sú féinbhranda; srl.

## **Aguisín 1** Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh

**1.** Riachtanais an scrúdaithe:
Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon **cheithre** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú. **2 thasc i gcomhair 2025 de bharr coigeartuithe.**

**N.B.** Caithfidh scrúdaitheoirí dul i gcomhairle le scrúdaitheoirí comhairleacha sna cásanna seo a leanas:

**2.** Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia.
**Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil an athuair don dara tasc**, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

**3.** **Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an t-ullmhúchán, pleanáil agus cur i bhfeidhm**, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as **measúnú an chur i bhfeidhm**, áfach, áit a dtugtar faoi sin. Maidir leis na Tascanna 3, 4 agus 5, dícheadófar **measúnú ar shainriachtanais** freisin.

**4.** **Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán**, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as **measúnú ar shainriachtanais de thasc 1 agus 2** áfach, áit a dtugtar faoi sin.

**5.** **Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán**, ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

**6.** Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach **beagán scileanna próiseála** marc pro-rata.

**7.** **Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán** leis na riachtanais, m.sh.

**A-** mias **gan chócaráil** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte, Tasc 1, 2, 3 agus 4

**B-** mias **nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc,** Tasc 1, 2 agus 3

**C-** **an modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh,** Tasc 4

**D-** Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise (saoráideacha),*** meascán muifíní áise (saoráideach), Tasc 4

**Bain 8 marc SC ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach nóta míniúcháin ag deireadh an leathanaigh mheasúnachta.**

**8.** **Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc**, m.sh. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

| **Nóta Mínithe** | **Míniú**<br>Ná cuir na nótaí mínithe a leanas i bhfeidhm ach amháin i ndiaidh comhrá leis an Scrúdaitheoir Comhairleach |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **SC** | **Cás curtha i bhfeidhm,** (-8 marc) 8 marc bainte ón marc iomlán a bronnadh<br>**Níl an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán** leis na riachtanais, m.sh. (féach lch deireanach de na nótaí marcála)<br>Ná cuir i bhfeidhm ach tar éis dul i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Comhairleach<br>**Cuir SC** agus nóta mínithe ag **deireadh** an **leathanaigh mheasúnachta** |
| | **Cuir isteach na nótaí mínithe seo de réir mar is cuí** |
| A- | Mias ***gan chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte -Tasc 1, 2, 3 agus,4 |
| B- | Mias ***nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc*** – *Tasc 1, 2 agus 3* |
| C- | ***An modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh*** – *Tasc 4* |
| D- | Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise (saoráideacha)*** |

| | |
|---|---|
| REP | Gníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta |
| ISW | Sraith Oibre Neamhchomhlíonta |
| P1 | Gan aon luach uimhriúil |
| P2 | Gan aon luach uimhriúil |
| P3 | Gan aon luach uimhriúil |
| P4 | Gan aon luach uimhriúil |
| P5 | Gan aon luach uimhriúil |
| P6 | Gan aon luach uimhriúil |
| P7 | Gan aon luach uimhriúil |
| P8 | Gan aon luach uimhriúil |
| P9 | Gan aon luach uimhriúil |
| P10 | Gan aon luach uimhriúil |